










vec

# Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
# County Donegal Vocational Education Committee

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012









# Clár


| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | **Réamhrá** | | **3** |
| | 1.1 Fís agus Ráiteas Misin | | |
| | 1.2 Réamhfhocal ó Phríomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Dún na nGall | | |
| | 1.3 Forbhreathnú ar Sholáthar Seirbhíse | | |
| | 1.4 Léarscáil | | |
| 2 | **Plean Oideachais** | | **7** |
| | 2.0 Plean Oideachais 2011-2015 Réimsí Tosaíochta Tábachtacha | | |
| | 2.1 Soláthar agus Forbairt ar Sheirbhísí | | |
| | 2.2 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe | | |
| 3 | **TÉAMA 1** | **TEAGASC agus FOGHLAIM** | **10** |
| | Tosaíocht 1 | Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta | |
| | Tosaíocht 2 | Forbairt Scileanna | |
| | Tosaíocht 3 | An Clár Forbraíochta Caipitiúil | |
| | Tosaíocht 4 | Caidreamh Dearfach | |
| | Tosaíocht 5 | Creidiúnú | |
| | Tosaíocht 6 | Treoirsheirbhísí | |
| | Tosaíocht 7 | Cruthaíocht agus Fiontraíocht | |
| 4 | **TÉAMA 2** | **EAGRAÍOCHT FHORÁSACH FHREAGRACH** | **26** |
| | Tosaíocht 8 | Struchtúir agus Córais | |
| | Tosaíocht 9 | Rialachas Corparáideach | |
| | Tosaíocht 10 | Sainoilteacht | |
| | Tosaíocht 11 | Tacaíochtaí Foghlama | |
| | Tosaíocht 12 | Comhionannas | |
| | Tosaíocht 13 | Cleachtais Athshlánaíocha | |
| | Tosaíocht 14 | Soláthar Seirbhísí trí mheán na Gaeilge | |
| | Tosaíocht 15 | Réiteach Aighnis | |
| | Tosaíocht 16 | Struchtúir Eagrúcháin curtha in oiriúint do róil | |
| 5 | **TÉAMA 3** | **AG ÚSÁID TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE** | **43** |
| | Tosaíocht 17 | Straitéis na Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide | |
| | Tosaíocht 18 | Tacaíocht Theicneolaíoch | |
| 6 | **TÉAMA 4** | **AG OBAIR I GCOMHPHÁIRTÍOCHT** | **45** |
| | Tosaíocht 19 | Caidreamh Poiblí | |
| | Tosaíocht 20 | Comhpháirtíochtaí | |
| | Tosaíocht 21 | Soláthar Seirbhísí don Óige | |
| 7 | **7.0 Buaicphointí** | | **51** |
| 8 | **8.0 Aguisíní** | | **57** |

vec

## Fís Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall

Ag sraith diancheardlanna a reáchtáladh mar pháirt den phróiseas comhairliúcháin aontaíodh na ráitis físe agus misin seo a leanas do Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall:

### Ár bhFís

'Seirbhís oideachais den chéad scoth atá foghlaimeoirlárnach.'

### Ár Ráiteas Misin

'Foghlaim inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a thairiscint agus tacaíocht a thabhairt di, rud a ligeann do mhic léinn iad féin a chumasú lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh.'

## Comhaltaí Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall 2012

An Clr Barry O'Neill Cathaoirleach
An Clr Martin Farren
An Clr David Alcorn
An Clr Michelle Bradley
Peter Cutliffe
An Clr Brendan Byrne
An Clr Dessie Larkin
Francis Mc Daid
An Clr Ian Mc Garvey
An Clr Elizabeth Mc Intyre
An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr Patrick McGowan
Leas-Chathaoirleach
An Clr Joe Doherty
Sinead Gillespie
An Clr Jimmy Kavanagh
An Clr Jim Lynch
Oliver Mc Devitt
An Clr Philip Mc Glynn
Bernie Mulhern
Alan Thompson
An Clr Jack Murray
Mary Ellen Orpen
Marietta Heraghty

## 1.1 Réamhrá ón Phríomhfheidmeannach, Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall



Ar dtús, coinníonn muid cuimhne ar ár gComhleacaí agus ár nIar-CEO, MaryAnn Ní Chathain, a fuair bás go tobann roimh a ham i mí Lúnasa 2012. Tá cuimhne cheanúil againn ar a ról i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall mar Mhúinteoir, mar Phríomhoide, mar Oifeagach Oideachais agus, ar deireadh, mar Phríomhfheidhmeannach ón bhliain 2009 go dtí a bás míthráthúil i mí Lúnasa 2012.

Sa Tuarascáil 2012, glacann muid an deis le honóir a thabhairt don Chomhairleoir Barry O'Neill, Cathaoirleach, agus an fhoireann dhíograiseach sna hOifigí Riaracháin, sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid a thug tacaíocht d'Iníon Uí Chatháin ina ról mar Phríomhfheidhmeannach agus dom féin mar an CEO ag teacht isteach ó mhí Meán Fómhair 2012. Tugann muid ómós chomh maith do Anne McHugh as ucht a ról fíor-riachtanach mar CEO Gníomhach le linn na tréimhse sin.

Ar leibhéal pearsanta, ba chomhghleacaí iontach í MaryAnn agus crónóidh an Fhoireann anseo i nArd Uí Dhomhnaill go mór í. Crónófar í fosta sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid agus i measc an phobail níos leitheadaí. Bhí MaryAnn rannpháirteach i mórán coistí agus grúpaí oibre, ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon, go háirithe Cumann na bPríomhfheidhmeannaigh agus na nOifigigh Oideachais. Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dá hanam.


Lena chois sin, cuireann muid ár meas agus ár mbuíochas in iúl don Fhoireann, do Mhic Léinn, d'Fhoghlaimeoirí, do Bhaill an Choiste agus don pobal ginéaralta as ucht a gcionroinnt agus a rannpháirtíocht i gcur ar fáil seirbhísí ar mhaithe le rath leanúnach na heagraíochta mar atá sonraithe anseo, an seachtú Tuarascáil Bhliantúil.


**Mr Shaun Purcell**
Príomhfheidhmeannach

# 1 Réamhrá

## Forbhreathnú an Sholáthar Seirbhíse an Choiste Gairmoideachais

- 15 Scoileanna agus Coláistí (cúig cinn ina nGaelcholáistí) agus dhá Scoil Oileáin, in Árainn Mhór agus Toraigh.
- Seacht nIonad Oideachais & Oiliúna dírithe go hiomlán ar Oideachas Aosach lánaimseartha, ceann amháin sa Ghaeltacht ina measc, i mBun Cranncha, i mBaile Dhún na nGall, i nGort an Choirce, i Leitir Ceanainn, i mBéal Átha Seanaidh agus i mBaile na nGallóglach, a chuireann ar fáil cúrsaí Ógtheagmhála, Filleadh ar an Oideachas (BTEI), Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Oideachas Pobail, Litearthacht d'Aosaigh agus Treoirchláracha d'Aosaigh. Tá áiseanna Cúram Páistí lonnaithe i naíolanna béal dorais de cheithre Ionad.
- Ionad Eachtraíochta Ghartan – suíomh 87 acra a chuireann oideachas faoin aer ar fáil don Chontae
- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil – soláthar de theagasc uirlíse agus gutha do gach aoisghrúpa sna Scoileanna agus Coláistí agus ar fud an Chontae
- Soláthar de Chúrsa Dioplóma i Staidéir Drugaí & Alcóil i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma & Shligigh trína Comhordaitheoir atá lonnaithe i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall.
- Riachtanais faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ina measc an Clár Críochnaithe Scoile, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile/Scoile.
- Oibleagáidí agus freagrachtaí as soláthar den Clár Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae faoin Acht um Obair don Óige trína Oifigeach Óige.
- Comhoibriú le Compháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus le Coiste na Seirbhísí Leanaí ar mhaithe le straitéisí a fhorbairt don Chontae.






### △ Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéil

Abbey Vocational School, Donegal Town
Carrick Vocational School, Carrick
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
Coláiste Chineál Eoghain, Buncrana
Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí
Crana College, Bun Chranncha
Deele College, Raphoe
Errigal College, Letterkenny
Finn Valley College, Stranorlar
Gairmscoil Chu Uladh, Beál an Átha Móir
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór
Magh Éne College, Bundoran
Moville Community College, Moville
Mulroy College, Milford
St Catherine's Vocational School, Killybegs

### ○ Oídeachas Aosaigh

Ballyshannon
Buncrana
Donegal Town
Glengad
Lifford Youthreach
Gort a' Choirce
Letterkenny
Milford

### ☆ Oídeachas Eactríochata Lasmuigh

Gartan Outdoor Education Centre,
Church Hill, Letterkenny

## 2.1 Pleanáil and Forbairt ar Sholáthar Seirbhíse

- D'eascair an Plean Oideachais ó fhorálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001, a chuireann d'iallach ar an Phríomhfheidhmeannach Plean 5 Bliana a dhréachtú don eagraíocht faoi stiúir na Foirne Forbartha Straitéise.

Tá siad seo a leanas leagtha amach sa Phlean Oideachais:-

- **Cuspóirí** an CGO
- **Tosaíochtaí** an CGO
- Na **Bearta a nglacfar leo** chun na cuspóirí aitheanta a chur i gcrích

Tá an Lucht Bainistíochta Sinsearach ó na seirbhísí go léir ina mbaill den Fhoireann Forbartha Straitéise agus gach bliain cuireann siad Plean Seirbhíse, atá bunaithe ar na spriocanna sa Phlean Oideachais, faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna.

Nuair a chríochnaigh an plean deireanach sa bhliain 2010, chuir an Fhoireann Forbartha Straitéise an Plean do na cúig bliana amach romhain, 2011-2015, le chéile.


Ón phróiseas comhairliúcháin do 2011-2015, aithníodh go raibh gá le dara plean na heagraíochta a bheith beacht, ábhartha agus dírithe, ag cur san áireamh na cúinsí polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta atá ann i láthair na huaire agus as sin aithníodh 21 tosaíochtaí tábhachtacha faoi ceithre eochairthéama.

### Eochairthéamaí


1. Teagasc agus Foghlaim
2. Freagracht
3. Teicneolaíocht Faisnéise
4. Ag Obair i gComhpháirtíocht

## 2.2 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe

**Figiúr 2.1 Líon iomlán foghlaimeoirí in 2012 de réir Rannóige**





**Figiúr 2.2 Clárú Daltaí i Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal 2012**




## 2.2 Adult Education Participation Figures 1998-2012

**Figiúr 2.3 Líon na bhFoghlaimeoirí a chláraigh in Oideachas Aosach Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall in 2012**




**Figiúr 2.4 Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall - Líon Rannpháirtithe 1998 - 2012**



vec

## Eochairthéama 1 - Teagasc agus Foghlaim

# TOSAÍOCHT 1

**Cláracha oideachasúla agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint agus atá in oiriúint do riachtanais atá ag athrú go tapa i measc daoine aonair, an tsochaí agus an gheilleagair**

- Thug Coláiste Magh Éne agus Coláiste Phobail Colmcille isteach Staidéar Síneach
- Ofrálann Coláiste Ghleann na Finne Clár Amhscarthanaí – idirghabháil dírithe orthu sin atá ag s treachailt sa phríomhshruth
- Tá Rannóg an Oideachais Aosaigh ag cur ar fáil cur chuige treorach darb ainm Brionglóidíocht Ghairme ar mhaithe le tacú le daoine fásta i gcinnteoireacht
- Tugadh isteach FETAC Leibhéal 6 i gCúram Luath-óige i nGairmscoil Chaitríona
- Chuir Tionscnamh Ceoil Dhún na nGall ar fáil trí thogra de chuid Peace III – Ensemble Uirlise Idirnáisiúnta, Scoileanna Ilmheáin agus Ceolfhoireann Shoísearach

### Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta

- I dTreoir Aosaigh, cuireadh an cur chuige do Bhrionglóidíocht Ghairme le tacú le daoine fásta le cinnteoireacht i dtimpeallacht dhúslánach.

- Thairg BTEI soláthar do 808 mac léinn i 2012 i ngach Ionad Oideachais Aosaigh, ar a n-áiritear Ionad Gleann na Finne i Srath an Urláir, agus i gcuid mhór ionaid pobail ar fud an chontae siocair go bhfuil muid ag leanúint ar aghaidh ag cur oideachas ar fáil don phobal go díreach.

- D'ofráil Oideachas Pobail cúrsaí in Úsáid na Meáin Dhigteacha, Garraíodóireacht, Cócaireacht ar Bhúiste, Cócaireacht do Fhir agus Ginealeolaíocht.

- Lean Youthreach ar aghaidh ag cur cláracha ar fáil sa bhliain le freastal ar riachtanais na ndaoine a fhágann an scoil go luath, go mór mhór trí Scileanna Riachtanach FETAC Leibhéal 2, Teastais i bhFoghlaim Ghinearálta Leibhéal 3 agus 4, agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA, i Leitir Ceanainn amháin). I measc samplaí eile, tá soláthar de laetha shlí beatha, le fócas speisialta d'fhoghlaimeoirí Youthreach, le dhul i ngleic leis an mhargadh fostaíochta deacair/breis oideachais a bhíonn roimhe na ndaoine óga nuair amháin a chríochnaíonn siad Youthreach.

- Tháirg an tSeirbhís Bunoideachais Scileanna Bunúsacha a bhí comhtháite trí Chlár Oidhreachta agus Feasacht Thurasóireachta. Bhí méadú i gcleachtadh rannach don Cheolfhoireann Shóisearach i 2012. Bunaíodh Cór Sóisearach Dhún na nGall mar dhóigh inrochtana agus inacmhainne le tús a chur le hoideachas ceoil. Rinneadh feidhmiú céimneach ar na trí thogra nua, maoinithe ag PEACE III. Orthu seo, bhí Ensemble Uirlise Idirghlúine, Togra Scoile Ilmheáin agus Ceolfhoireann Shóisearach. Cuireann an tacaíocht maoiniúcháin ar chumas an Comhpháirtíocht Ceoil clár i gceardlann inrochtana a chur ar fáil saor in aisce. Tá an clár ceardlainne i gcomhair leis an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach.

Chuir an tSeirbhís Síceolaíoch na seirbhísí seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- Soláthar de chláracha traenála i scileanna sóisialta do dhaoine óga le ASD (neamhord forleatach forbraíochta)
- Soláthar de chláracha i scileanna staidéir do mhic léinn sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht
- Soláthar de chlár FRIENDS (clár chun litearthacht thochtach, i dteacht aniar agus in ábaltacht i réiteach fadhbanna do ghrúpaí daoine óga)
- Soláthar den chlár Get Up, Stand Up (clár dírithe ar chailíní na chéad bhliana a bhfuil deacrachtaí sóisialta, sochorraithaithe agus iompraíochta acu)
- Soláthar traenála In-seirbhíse d'fhoirne ar an t-samhail seirbhíse, Leanúntas Tacaíochta, do scoileanna a ndearna an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) forbairt air.
- Soláthar traenála In-seirbhíse do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar idirghabhála litearthachta agus uimhearthachta, bunaithe ar fhianaise, i gcomhar leis an NEPS.
- Soláthar ionchuir do thuismitheoirí ar an dóigh is fearr le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i ndáil le staidéar agus scrúduithe
- Soláthar traenála In-seirbhíse do mhúinteoirí nua i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall de réir an t-samhail Leanúnachais Tacaíochta agus SEN sa tseomra ranga
- Soláthar traenálá In-seirbhíse do Chúntóirí Riachanas Speisialta ar ASD, féinchúram agus bainistiú iompraíochta
- Éascú ar ghrúpaí chomhairleoireachta ar ASD do mhúinteoirí le dáltaí a bhfuil ASD orthu
- Éascú agus cuidiú don fhorbairt agus an athbhreithniú ar 'foirne cúraim' sna scoileanna, bunaithe ar threoirlínte ón DES d'fhoirne tacaíochta do dhaltaí nua
- Soláthar traenála In-seirbhíse ar na Treoirlínte Meabhairshláinte nua do Scoileanna Iar-bhunoideachais

Ofráladh forbairt proifisiúnta foirmeálta agus tacaíocht neamhfhoirmeálta go díreach do na foirne teagaisc sna cúig Ionad Youthreach, i seachtar de na scoileanna iar-bhunoideachais agus do chláracha indibhidiúla in oideachas aosach. Seo a leanas samplaí den tacaíocht:

1. Ag forbairt modhanna do mheasúnacht fhoirmeálta.
2. Ag cur ar fáil traenáil i gcnuasach trialach litearthachta agus uimhearthachta.
3. Forbairt ar chur chuigí sa scoil uile i ndáil le smacht agus bainistíocht seomra ranga.
4. Ag comhairíocht ar ullmhú, ar fhorbairt agus ar athbhreithniú de Phleananna Oideachais Aonair.
5. Straitéisí a fhorbairt chun deileáil le daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama faoi leith acu.
6. Comhairliú ar theidlíochtaí d'iarratais faoi choinne cóiríochtaí do na scrúdaithe stáit.
7. Ag éascú imeascadh do dhaltaí le SEN.
8. Léirmhiniú ar fheidhmiú cognaíoch agus ar phróifílí do measúnacht teanga.
9. Ag athbhreithniú Pleananna do Theagmhais Chriticúla.
10. Tacaíocht d'fhoirne scoile agus do dhaltaí i ndiaidh teagmhais chriticúla.

Bhí éagsúlacht i bhfabhanna dhaoine óga a tarchuireadh faoi choinne measúnachta ach is féidir iad a chatagóiriú go leathan faoi SEN, nó Deacrachtaí Sóisialta, Sochorraithaithe agus Iompraíochta. Bhí na hatreorúcháin ag baint níos mó agus níos mó le saincheisteanna meabhairshláinte. I gcuid mhór cásanna, bhí líonradh leitheadach le seirbhísí sláinte agus seirbhísí eile de dhith faoi choinne mic léinn agus foghlaimeoirí. I measc obair eile a bhí i gceist, bhí tacaíocht le tabhairt do mhic léinn agus do dhaoine óga le SEN aistriú go cláranna úra oideachasúil i ndiaidh an scoil iar-bhunoideachas a fhágáil.

Bhí an obair mheasúnachta a rinneadh leis na daltaí dírithe ar chuidiú a thabhairt do thuismitheoirí, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta araon, a bhuíochas do chur ar fáil aiseolas ó réamh-mheasúnú agus iarmheasúnú gairmiúil maraon le moltaí i ndáil le riachtanais na ndaoine óga a tarchuireadh. Lena chois sin, réachtaladh cruinnithe pleanála agus athbhreithnithe i rith na bliana le tuismitheoirí chun dul chun cinn na mic léinn le SEN a mheas. Bhí cruinnithe chomhoibritheacha ar siúil chomh mhaith idir bainistíocht scoile/ionaid agus tuismitheoirí ar mhaithe le haistriú ón scoil/Youthreach chuig obair nó breis staidéir do dhaoine óga le SEN.

Caighdeáin den scoth a choimeád agus a fheabhsú i ngach clár oideachais i ngach scoil/coláiste/ionad. Chuidigh an fhreastal leanúnach ar chúrsaí CPD leis na caighdeáin laistigh den tseirbhís a choimeád agus a fheabhsú. Bhí siad seo a leanas i measc na gcúrsaí CPD:
- Forbairt ar clár RSE do dhaltaí le ASD
- Ag forbairt straitéisí i gcóir uimhearthachta a theagasc do dháltaí le SEN
- Ag forbairt samhlacha comhairliúcháin do réiteach fadhbanna

Cuireadh na cláracha agus seirbhísí tacaíochta seo a leanas i bhfeidhm sna scoileanna:
- D'ofráil Gairmscoil Chaitríona cúrsa FETAC, Leibhéal 6, i gCúram agus Oideachas na Luath-óige maraon le clár i dTeanga Chomharthaíochta don Idirbhliain.
- Cuireann Coláiste na Maoile Rua réimse iomlán de chláracha dara leibheál ar fáil, le tógail níos mó san Idirbhliain. Rinneadh grúpaíl i gCumas Measctha don 1ad agus don 2ad bliain agus rinneadh JCSP a chomhtháthú seachas a bheith mar ghrúpa aonair..
- I gColáiste Cranncha, rinne an chéad ghrúpa mac léinn den Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus den Eolaíocht Talmhaíochta an Ardteistiméireacht sa bhliain 2012. Tugadh isteach clár Róbatice do mhic léinn sóisearacha i bpáirtíocht le LYIT. Dhírigh an Tionsnamh um Scoileanna Sláintiúil ar bheartais Frithbhulaíochta agus ar fheachtas in aghaidh tobac. Rinneadh Cócaireacha agus Gúnadóireacht i gcúrsaí Oideachas Aosaigh. Bunaíodh teagmhálacha le Seirbhísí Óige Dhún na nGall agus Daybreak agus tugadh cuairteanna scoile go dtí an Eilbhéis agus an Iodáil.
- D'ofráil Coláiste Pobail Cholmcille Staidéar Síneach don Idirbhliain den chéad uair.
- D'ofráil Coláiste Gleann na Finne rochtain ar Daybreak, idirghabháil spriocdhírithe a thugann tacaíocht do dhaoine óga atá ag streachailt le hoideachas príomhshruthú. Reachtálann an scoil clár Aistrithe agus Induchtaithe do dhaltaí atá ag teacht isteach sa Chéad Bhliain. Leanann leabharlann na scoile leis an forbairt ar thástáil SMOG ar gach leabhar sa leabharlann le déanamh cinnte gur féidir le mic léinn fáil a bheith acu ar leabhair atá fóirsteanach dá n-aois léitheoireachta. Faigheann iomlán na mic léinn scrúduithe caighdeánacha ag Nollaig - GRT i Litríocht agus WRAT4 san Uimhearthacht.
- Bhí Coláiste Magh Éne, Coláiste an Earagail, Coláiste Gleann na Finne, Gairmscoil na Mainistreach agus Gairmscoil Naomh Caitríona uilig páirteach sa chlár PLC, a d'ofráil 11 cúrsaí ag FETAC Leibhéal 5 agus 6

## 2.2 Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn

**Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn**

Is é SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) an t-údarás nua dámhachtana náisiúnta amháin d'iomlán na n-iarratas ar Dheontas Mac Léinn don bhliain acadúil 2012/2013, in áit na seasca sé údarás damhachtana áitiúil a bhí ann roimhe seo. Leanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta Mac Léinn i gCeardoideachais Dhún na nGall ag próiseáil iarratais athnuachtana do mhic léinn a dtug siad deontais dóibh cheana féin go dtí go mbeidh na mic léinn sin críochnaithe lena gcúrsaí reatha.

Beidh Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) ag glacadh le hiarratais ar dheontais do gach mac léinn nua, ar a n-áirítear iarratais ó mhic léinn atá ann cheana féin ach atá ag athrú a gcúrsaí nó ag dul ar aghaidh go cúrsaí úra (cúrsaí breise nó eile) sa bhliain acadúil 2012/2013. Ofrálfaidh SUSI maoiniú do mhic léinn incháilithe in oideachas tríú leibhéal lánaimseartha ceadaithe in Éirinn agus, i gcásanna áirithe, maoiniú do mhic léinn Éireannacha atá ag staidéar thar sáile. Chomh maith leis sin, beidh SUSI ag íoch deontais le gach mac léinn nua a rinne iarratas agus ar ceadaíodh deontais dóibh in 2012/2013, faoi réir ag dearbhú agus deimhniú ar fhreastal.

Beidh siad ag ofráil tacaíocht do gach cineál mac léinn, ó dhaltaí ag fágáil na scoile go dtí daoine fásta ag filleadh ar oideachas.

**Leanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag ceadú agus ag íoch deontais leis na mic léinn atá cheana féin ag fáil maoiniú faoin dá scéim seo leanas:-**

(i) **Scéim Dheontais Chothabhála a fhaigheann mic léinn a bhfuil Scoláireacht Tríú Leibhéal acu ón Choiste Gairmoideachais (VEC)** – clúdaíonn sé seo mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí onóracha céime, atá ceadaithe, in Institiúidí tríú léibhéal, ar a n-áiritear Ollscoileanna in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus thar lear.

(ii) **(ii) Scéim Dheontais Chothabhála d'Fhoghlaimeoirí Tríú Leibhéal (TLT)** – clúdaíonn sé seo Ardteastas dhá bhliain agus Gnáthchúrsaí Céime trí bliana, a dhéantar in Institiúdí Teicneolaíochta.

Don bhliain acadúil 2012/2013, ba é 1,138 an líon iomlán d'fhoirmeacha deontais a fuarthas. Déantar na foirmeacha seo a rangú faoi na ceannteidil éagsúla mar a thaispeántar thíos.

**Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn 2012/2013 Staitisticí na Tuarascála Bliantúil**

| **Iarratais faighte** | **Líon Iarratas** |
|---|---|
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 7 | **634** |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 8 nó Cúrsaí níos airde | **328** |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 5 agus 6 | **6** |
| Curtha ar ceal | **129** |
| Neamhcháilithe | **39** |
| Curtha chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall | **2** |
| Líon iomlán na iarratas a fuarthas | **1,138** |

San iomlán, fuarthas 1,138 iarratas ar dheontas agus d'éirigh le 968 acu maoiniú a fháil

Taispeánann Figiúr 3.2.2 an líon iarratas a bronnadh agus leibhéal an chúrsa faoinar ceadaíoodh gach ceann

| **Cineál Deontais** | **Líon iarratas** |
|---|---|
| Cóngaracht 100% | **166** |
| Cóngaracht 75% | **2** |
| Cóngaracht 50% | **4** |
| Cóngaracht 25% | **5** |
| Ráta Speisialta Cóngarachta | **140** |
| Neamhchóngaracht 100% | **196** |
| Neamhchóngaracht 75% | **3** |
| Neamhchóngaracht 50% | **8** |
| Neamhchóngaracht 25% | **9** |
| Ráta Speisialta Neamhchóngarachta | **183** |
| Táillí Amháin | **252** |
| **Líon iomlán na ndeontas a bronnadh** | **968** |

## TOSAÍOCHT 2

**Scileanna cineálacha a fhorbairt laistigh d'iomlán na gclár oideachais**


- Chomhtháthaigh Coláiste Magh Éne agus Gairmscoil Chaitríona foghlaim na n-Eochairfhocal le Teagasc agus Foghlaim. Tá an dá scoil seo páirteach sa Chlár um Cheannaireacht Theagascach.
- Tá Leathanbhanda100mg ar fáil i mórán scoileanna de chuid an Ghairmoideachais.
- Tugadh isteach Teagasc Foirne i gColáiste na Maoile Rua.
- Tá Coláiste na Carriage páirteach sa Líonra um Fhoghlaim Ghníomhaíochta.
- Ceapadh nascmhúinteoir faoi choinne litearthacht agus uimhearthacht, reáchtaladh ceardlanna d'fhoirne agus cuireadh tástáil CA ar dhaltaí na chéad bhliana.
- Chun coinneáil le pleanáil DEIS, lean FVC ar aghaidh ag spriocdhíriú ar fheabhsúcháin sa réimse seo, de réir an Straitéis Náisiúnta do Litearthacht agus Uimhearthacht. Teagascaítear ICT d'iomlán mac léinn, ag úsáid clár creidiúnaithe.
- Tá Coláiste na Carraige, maraon le trí scoil eile, páirteach sa Líonra um Fhoghlaim Ghníomhaíochta ina bhfuil an fócas dírithe ar litearthacht.
- Rinne Toraigh iniúchadh tosaigh ar litearthacht, de réir an Straitéis Náisiúnta.
- D'ardaigh Cranncha líon na dtionscnamh ar mhaithe le litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú: Seachtain Litearthachta agus Uimhearthachta, cúrsa In-seirbhíse dar teideal 'MathsEyes', suirbhé ar dea-chleachtas in L&U i ngach rannóg, tús curtha le Leathanbhanda 100mb, tús curtha le togra 'Papercut' chun gearradh siar ar chostas páipéir.
- I nGairmscoil Mhic Diarmada cuireadh béim athnuaite ar litearthacht, ar uimhearthacht agus ar scileanna ICT i ngach réimse den churaclam.
- Tugadh isteach sraith tionscnaimh i gColáiste na Maoile Rua: Eochairfhocail, Aidhmeanna Foghlama, tástáil sa chéad bhliain, ag pleanáil spriocanna agus liostaí critéir d'iomlán rannóga ábhair, tástáil, teagasc agus teagasc na foirne in éineacht le chéile.
- I nGairmscoil Chaitríona, chríochnaigh mic léinn na hIdirbhliana ECDL, scil inaistrithe a bhfuil buntáiste aice do mhic léinn atá ag ullmhú treoir tionscadail agus punanna don sraith shinsearach. Tugadh isteach Eochairfhocail chomh maith mar thogra traschuraclaim le cuidiú leis na mic léinn a bhfoclaíocht a fheabhsú.
- Tá scileanna cineálacha comhcheangailte in iomlán na gcúrsaí BTEI agus cuirtear cúrsaí i bhFeasacht Litearthachta ar fáil do gach uile theagascóir in Oideachas Pobail.
- Lean Youthreach ag díriú ar chomhcheangal litearthachta agus uimhearthachta i ngach modúl tríd an chur i bhfeidhm leanúnach agus an athbhreitniú ar a phlean litearthachta agus oiliúint don fhoireann. A bhuíochas don chlár, Foghlaim don Saol, cuireadh isteach 'Touch-Type-Spell' mar chuid imeasctha i leabhar nua ríomhaireachta a cuireadh ar fáil do gach clár.

## TOSAÍOCHT 3

**Clár Forbartha Caipitiúil & Caighdeáin Cáilíochta in iomlán na gClár Oideachais, na Scoileanna, na Coláistí agus na hIonaid.**

Bhí gach foireann de chuid BTEI/Oideachas Pobail rannpháirteach i dTraenáil i nDearbhú Cáilíochta FETAC. Chríochnaigh na hIonaid Youthreach go léir Meastóireacht Lárionaid (ICE) in 2012 mar pháirt de Chreatlach Cáilíochta Youthreach, a chur amach tuarascáil bhliantúil do gach ionad. Bhí gach uile ionad rannpháirteach sa chóras FETAC QA i dtaca le féinmheastóireacht agus cur i bhfeidhm na dámhachtana nua do Leibhéal 3 agus Leibhéal 4. Rinneadh Féinmheastóireacht FETAC a chur i gcrích i ngach ionad do Bhunoideachas. Cuireadh ar fáil téacsleabhair croílár agus mionteagaisc agus tascanna do na hoidí/na measúnóirí go léir.

- Bhí Iniúchadh Staire i gColaiste Ailigh i mí Dheireadh Fómhair 2012. Rinne FVC Cigireacht Theagmhasach i nGaeilge níos moille.
- Thionscaigh FVC roinnt féinmheastóireachtaí téama ag díriú ar Obair Bhaile (Polasaí & Nósanna Imeachta), Cúram Tréadach (Struchtúir & Nósanna Imeachta), agus Polasaí um Theagmhais Chriticiúil na scoile. Déantar monatóireacht sheachtrach ar na Cláracha FETAC go léir mar chuid de QA an Choiste Gairmoideachais. Rinneadh athbhreithniú fosta ar roinnt pleananna de chuid DEIS le linn 2012.
- Bhí Cigireacht Theagmhasach i gColáiste na Carraige i mí an Mheithimh 2012 agus fosta i gColáiste Cranncha. I gColáiste Cranncha rinneadh breathnú ar 4 mhúinteoir i rannóga difriúla. Bronnadh dámhachtain náisiúnta ar rannóg na hEolaíochta i gColáiste Cranncha ó Chumann Eol-Oidí na hÉireann. I gColáiste na Maoile Rua bhí Cigireacht Ábhar ó TG/DCG maraon le Cigireacht Theagmhasach. Chomh maith leis sin, bhí Cigireacht Theagmhasach i gCeardscoil Chaitríona a dhírigh ar Stair, Béarla agus Gaeilge.




**Figiúr 3.5 Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQF)**

**Timpeallacht den scoth a sholáthar atá fabhrach don teagasc agus don fhoghlaim.**

De réir mar atá leagtha síos sa Phlean Oideachais 2011-2015, déantar an Timpeallacht Fhoglama a shainmhíniú (ach gan a bheith teoranta) mar imeachtaí intleachtach, spóirtiúil, spioradálta, sóisialta agus cultúrtha. Le cloí le haidhmeanna an phlean mar atá siad liostáite ansin, lean an Coiste ar aghaidh sa bhliain 2012 ag feabhsú an teagasc fisiciúil agus an timpeallacht fhoghlama i ngach uile cheann dá chuid scoileanna, coláistí agus ionaid trí Chlár Forbraíochta Caipitiúil cuimsitheach.

**3.1 An Clár Forbraíochta Caipitiúil**

3.1.1 Coláiste Ghleann na Finne, Strath an Urláir (Gairmscoil Shrath an Urláir roimhe seo)

**Scoil Úr, de 3,452 m2 – ar shuíomh 6.79 de chuid an Choiste i nDroim Bó Íochtarach**
D'oscail an tUasal Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna, an fhoirgneamh úr do Choláiste Gleann na Finne go hoifigiúil ar an 18ú Bealtaine 2012. Bhí an Príomhoide, an Fhoireann, na Mic Léinn, na Tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta na scoile i láthair i gcuideachta an CEO Gníomhach ar Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall, Baill an Choiste agus Pobal Gleann Fhinne leitheadach i láthair leis an ócáid iontach seo a fheiceáil.

Ar an drochuair, ba é seo an ócáid phoiblí dheireanach ar ar fhreastal MaryAnn Kane, an CEO Gníomhach, roimh a bás tragóideach i mí Lúnasa 2012.

**Seomra Ranga úr ASD (70m2)**

Chuaigh an togra seo tríd an Chead Pleanála, an Deimhniú ar Shábháilteacht ó Thine agus an Teastas ar Dheimhniú ar Bhealach Isteach do Dhaoine Míchumasaithe. Lorgaíodh tairiscintí ó Chonraitheoirí Tógála sa ráithe deireanach de 2012. Táthar ag súil go rachaidh an tógáil ar an togra seo ar aghaidh le linn na bliana 2013.

3.1.2. Coláiste Cranncha, Bun Cranncha

**Forbairt Bheartaithe ar Champas i mBun Cranncha a chuimsíonn Coláiste Cranncha, Gaelscoil Bhun Cranncha agus, b'fhéidir, Coláiste Chineál Eoghain, Bhun Cranncha.**

**Athbhreithniú ar Chóiríocht Shealadach sna Scoileanna**

Le litir, dar dáta 1ad Márta 2012, d'fhiafraigh an Roinn Oideachais agus Scileanna cibé an mbeadh, nó nach mbeadh, Coláiste Cranncha oiriúnach don tionscnamh thuasluaite, a chuirfeadh tuilleadh cóiríocht lánaimseartha ar fáil a bhuíochas do shíneadh neamhspleách, ar an súiomh scoile atá ansin cheana féin, faoi réir cloí le roinnt critéir.

Measadh nach mbeadh Coláiste Cranncha fóirsteanach don tionscnamh seo de bharr nach mbeadh an chumas ag an suíomh scoile atá ann cheana féin ar Bhóthar Cranncha, Bun Cranncha, éascú a dhéanamh ar aon oibreacha tógála gan a leithéid a bheith ina chur isteach an-mhór ar fheidhim na scoile. Mar fhreagra ar an Roinn, luaigh Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall na sriantachtaí a bhí ar an suíomh 2.75 acra reatha agus, arís eile, iarradh tacaíocht na Roinne chun suíomh a fháil a bheadh mór go leor le freastal ar an fhorbairt champais atá beartaithe.

**Roghnú Suíomh Oiriúnach i gCeantar Bhun Crannacha**

Ar feadh tamall gearr, chas toscaireacht ó Choiste Gairmscoile Dhún na nGall le Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna, ag Oscailt Oifigiúil an fhoirgnimh úr do Choláiste Ghleann Fhinne ar an18ú Bealtaine 2012. I ndiaidh an chruinnithe seo, foilsíodh fógra eile sa pháipéar áitiúil inar tugadh cuireadh do úinéirí talún i gceantar Bhun Crannacha a spéis a léiriú.
Rinneadh na hiarratais a fuarthas a phlé go mion leis an Rannóg Pleanála de Chomhlaire Chontae Dhún na nGall. Ar an drochuair, mheas an Comhairle Chontae go raibh na suíomhanna a bhí i gceist mí-oiriúnach i gcomhair peirspictíocht phleanála.

Mar sin féin, choinnigh Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall teagmhail leanúnach leis na hoifigigh ábharthacha i gComhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhairle Baile Bhun Crannacha i dtaobh na ceiste. Cuireadh tuairim fhoirmeáltha chuig an Roinn Pleanála lárnach i gComhairle Chontae Dhún na nGall maidir lena athbhreithniú ar Phlean Forbartha Bhun Crannacha agus a Chomharsanacht, 2008-2014, i mí Aibreáin 2012. Táthar ag súil go dtaispeánfaidh Plean Forbartha Bhun Crannacha agus a Chomharsanacht, 2008-2012, an gá atá le Forbairt Champais ar an bhaile.
Le linn 2013, leanfaidh Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall ag déanamh teagmháil le hiomlán na bpáirithe ábharthacha a bhfuil baint acu leis an phróiseas seo ar mhaithe leis an aidhm seo a thabhairt chun críche.

3.1.3 Coláiste Pobail Bhun an Phobail

**Céim II de Chóiríocht Bhuan – Méid na Cóiríochta 2,775m2**

Sa bhliain 2011, d'ardaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an Rátáil Banda den togra ó 2.5 go 2.2, i gcomhaontú lena Chritéar Leasaithe i gcóir Tosaíocht do Thograí Ollscála (Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna)

Le linn na bliana 2012, rinne an Coiste roinnt aighneachtaí maidir le soláthar de Chéim II de Chóiríocht Bhuan. I mí Lúnasa 2012, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Deontas Déabhlóidithe iomlán de ?100,000 do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall le bunsheomra ranga, 70m2, a chur ar fáil maraon le háiseanna leithris/cithfholctha in aice leis do mhic léinn le Míchumas Foghlama Gineáralta Meánach. Fostaíodh Ailtire Comhairleach lena dhearadh agus maoirseacht a dhéanamh ar an tógáil de chóiríochta nua in bhfuil 82m2. Táthar ag súil go rachaidh an tógra ar aghaidh go dtí Cead Pleanála agus an Chéim Tógála le linn na bliana 2013.

Ainneoin an infheistíocht thuasluaite a bhfuil fáilte roimhe, tá Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall ag leanúint ar aghaidh leis an teagmháil leis an Ronn Oideachais agus Scileanna maidir leis an fuílleach de chóiríocht bhuan a chur ar fáil go luath, de bharr:-

1. Na deacrachtaí feidhmúcháin reatha atá ann i láthair na huaire siocair an socrú reatha a chruthaíonn an 'campas deighilte' atá ann, agus
2. An drochbhail atá ar an chóiríocht réamhdhéanta atá ar an suíomh.

### 3.1.4 Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

**Soláthar de bhreis cóiríochta buan**
Cuireadh Fógra Conartha ag lorg seirbhísí ó Fhoireann Deartha ar shúiomh gréasáin, ar a dtugtar eTenders, go luath in 2012 agus ceapadh an Fhoireann Deartha go foirmeálta i mí Lúnasa 2012. Cuireadh Aigneacht Chéim 1 ón Fhoireann Deartha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna lena mbreith a thabhairt air go luath i mí na Nollag 2012.
Tugadh cead ina dhiaidh sin do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus don Fhoireann Deartha leanúint ar aghaidh go Céim 2a don togra (forbairt ar dhearadh go dtí an chéim nuair a déantar an togra a phleánail go hiomlán ó thaobh costais de agus ansin is féidir é a chur ar aghaidh le cead reachtúil a fháil).

Meastar go rachaidh an togra sin ar aghaidh go dtí Tairiscint agus Tógáil le linn na bliana 2013.

### 3.1.5 Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

**Soláthar de Scoil Úrnua, 3,854m2, le háit do 350 dalta curtha ar fáil faoi mhodh oibre na Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (PPP)**
Ar an 12ú Samhain 2012, d'fhógair Ruairí Quinn, T.D., Aire Oideachais agus Eolaíochta, i bpreas ráiteas go raibh tús a chur le tógáil ocht scoil nua faoi mhodh oibre na Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (PPP). Bhí Coláiste Ailigh san áireamh sa tríú beart seo de thograí PPP.

Iompaíodh an fód ar an láthair ar an Aoine, an 23ú Samhain 2012. Meastar go mairfidh tógáil na scoile nua 48 seachtain.

### 3.1.6 Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)

**Cóiríocht Breise**
**(1 x Rang Tacaíochta Foghlama, 2 x Oifig Tréadach)**
Lorgaíodh tairiscintí ó Chonraitheoirí Tógála i gcóir an bhreis chóiríochta sa scoil thuasluaite sa tsamhradh 2012. Tá mórán den obair thógála déanta agus táthar ag meas go mbeidh sé críochnaithe go praiticiúil go luath sa bhliain 2013.

### 3.1.7 Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn

**Tógáil Aonad ASD úrnua**
I ndiaidh aigneacht breise a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur síos ar an mhéadú ar chlárú mac léinn san Aonad ASD úrnua a ceadaíodh, d'ardaigh an Roinn an Deontas Déabhlóidithe a cheadaigh siad i dtús báire go ?660,000. Chiallaigh sé seo go rabhthas in ann méadú a dhéanamh ar limistéar an Aonaid ASD nua go 552m2. Lorgaíodh tairiscintí ó Chonraitheoirí Tógála don chóiríocht nua ASD sa tsamhradh 2012. Tá mórán den obair thógála déanta agus táthar ag meas go mbeidh sé críochnaithe go praiticiúil go luath sa bhliain 2013.

vec

## 3.1.8 Gairm Scoil Chú Uladh, Beál an Átha Móir

**Cóiríocht Bhreise**
**(2 x Seomraí Ranga Ginearálta, 3 x Oifig Tréadach, 1 x Oifig an Phríomhoide)**
I samhradh na bliana 2012, lorgaíodh tairiscintí ó Chonraitheoirí Tógála do chóiríocht bhreise sa scoil seo. Tá mórán den obair thógála ar an síneadh úr déanta agus táthar ag meas go mbeidh sé críochnaithe go praiticiúil go luath sa bhliain 2013.

## 3.1.9 Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga

**Iarratas do chóiríocht bhreise chun freastal ar mhic léinn le ASD**
Cheadaigh an NCSE (an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta) go foirmeálta bunú rang speisialta do ASD. Ina dhiaidh sin, le litir dar dáta mí Mheithimh 2012, rinne Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcóir Maoiniú Caipitiúil le cóiríocht bhreise seomra ranga a thógáil.

Táthar ag súil go gceadóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an maoiniú riachtanach do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall le dul i mbun an togra seo go luath sa bhliain 2013.

## 3.2 Scéim na nOibreacha Samhraidh 2012

Mar thoradh ar ghearradh siar sa Mhaoiniú Caipitiúil a cionroinneadh don Roinn Oideachais agus Scileanna, cuireadh ar gcúl Scéim an nOibreacha Samhraidh don bhliain 2012.

## 3.3 Deontas dOibreacha Éigeandála – Tógraí Ceadaithe in 2012

Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na hiarratais seo a leanas faoin Deontas d'Oibreacha Éigeandála le linn na bliana 2011:-

| | Scoil/Ionad | Togra | Buiséad Ceadaithe (Táillí & CBL san áireamh) |
|---|---|---|---|
| 1. | Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn | Bail ar an Díon | 57,594.00 |
| 2. | Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn | Bail ar Sheomra H.E. (Píopaí Dramhíola) | 10,483.00 |
| 3. | Coláiste Cranncha, Bun Cranncha | Uasghráda ar Oibreacha Leictreachais | 50,350.00 |

## TOSAÍOCHT 4

**Caidreamh dearfach a chur chun cinn a bhuí don cur chuige i leith 'cleachtais athshlánaithe' a úsáid.**

Tá Cleachtas Athshlánithe don scoil iomlán dingthe i mhór chuid de scoileanna agus ionaid i nDún na nGall.

Bhí gach ball foirne de chuid Youthreach páirteach i dtraenáil do Chleachtas Athshlánaithe sa dara leath de 2012 mar pháirt de Thogra um Chleachtas Athshlánaithe, maoinithe ag PEACE III, a bhí ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall. Lena chois sin, cuireadh traenáil ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus tugadh an treoir topaice do thuismitheoirí i ngach ionad. Chuir an Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil tús le trí thogra úrnua, maoinithe ag PEACE III, sa ráithe deireanach de 2012 agus rinneadh gach iarracht rannpháirtithe ó gach uile chúlra, ábaltacht agus aois a spreagadh le bheith páirteach. Tá comhionannas deise ina pháirt lárnach de gach ceann de na tograí.

Sna scoileanna, thug Coláiste Ailigh isteach Polasaí Cúram Tréadach athbhreithnithe sa bhliain 2012, ina bhfuil RP mar chomhpháirt riachtanach. Bhain FVC úsáid as cur chuige RP nuair a bhíothas ag athmhúnlú an Fhoireann Cúram. Rinne beirt bhall foirne i gColáiste na Carraige traenáil agus tá roinnt eilimintí de RP curtha san áireamh sa Chód Iompraíochta. Leanann Coláiste Cranncha ar aghaigh le rannpháirtíocht i dtogra PEACE III, le fócas ar oiliúint foirne agus ar chruthú gaolta dearfacha. Fuair an Fhoireann, na tuismitheoirí agus na daltaí traenáil in RP i nGairmscoil Mhic Diarmada. I gColáiste na Maoile Rua, traenáladh iomlán baill foirne, Comhairle na Mac Léinn, an Bord Bainistíochta agus reáchtaladh dhá cheardlann do thuismitheoirí maraon le ceardlanna do daltaí na dara bliana agus na tríú bliana. I nGairmscoil Caitríona, tugadh traenáil don fhoireann, do chomhairle na mac léinn agus do mheantóirí.

## TOSAÍOCHT 5

**Cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar rogha an chreidiúnaithe mar pháirt de na cláracha a chuireann CGO Dhún na nGall ar fáil.**

- Thug Coláiste Phobail Colmcille isteach Staidéar Ríomhaireachta ag FETAC Leibhéal 3
- Chuaigh beirt bhall foirne ó Choláiste Magh Éne i mbun an Dioplóma i gCeannaireacht Theagasach ó Ghaillimh
- Chríochnaigh ceithre bhall foirne ó Choláiste na Maoile Rua an Diplomá Iarchéime i gCleachtais Athshlánaithe le Ollscoil Uladh.
- Rinneadh creidiúnacht sheachtrach ar chúrsaí TY i nGairmscoil Mhic Diarmada – Gairmchabhair, Teanga Chomharthaíochta agus cláracha RNLI
- Fuair Oideachas Aosaigh a chuid cúrsaí go léir creidiúnaithe ó Leibhéal a hAon go Sé.

Bhí na cúrsaí go léir in BTEI curtha le chéile i bpácáiste de chomhpháirteanna agus, i gcuid mhór cásanna, ofráladh ollcháiliúcháin ó Leibhéal 3-6 agus san Ardteistiméireacht. Sa réimse d'Oideachas Pobail, spreagtar na rannphairtithe i gcónaí le creidiúint a fháil, más ann do. Sa bhliain 2012, lean Youthreach ar aghaidh ag cur ar fáil réimse de fhoghlaim chreidiúnaithe, ar a n-áirítear FETAC Leibhéil 2, 3 agus 4, LCA (Leitir Ceanainn amháin), ECDL, Garchabhair, Sláinteachas Bia &rl.

Reáchtáil Coláiste Ailigh roinnt modúl TY le creidiúint: Garchabhair Oibre, Bia Sábháilte, Cóitseáil in GAA Uladh agus Anailís Físeáin (i gcomhar le Comhairle Uladh) agus ECDL. I gColáiste Gleann Finne, faigheann gach dalta torthaí a gclár teagaisc ICT creidiúnaithe ag Bord Scrúdaithe Tráchtála na hÉireann. Rinneadh Teanga Chomharthaíochta i gColáiste na Carraige.

I gColáiste Pobail Cholmcille, fuair na daltaí Teastais ó Fháilte Éireann agus Teastais Sláinte & Sábháilteachta. Bronnadh creidiúint ón RNLI ar dhaltaí i nGairmscoil Mhic Diarmada nuair amháin a bhí an clár críochnaithe acu. Bronnadh Dioplóma Iarchéime i gCleachtais Athshlánaithe ó Ollscoil Uladh ar cheathar bhall foirne nuair a chríochnaigh siad a gcúrsa. Cuireadh cúrsaí ar fáil i nGairmscoil Chaitríona i dTógáil & Láimhseáil agus i nGarchabhair Oibre mar chuid den clár i Staidéar Altranais, FETAC Leibhéal 5. Fuair daltaí na hIdirbhliana creidiúint sna modúil seo a leanas: ECDL, Teanga Chomharthaíochta, an clár KEY agus sa DLí.

## TOSAÍOCHT 6

**Comhdhlúthú a dhéanamh ar an soláthar de sheirbhísí treoracha a chuirtear ar fáil do dhaltaí.**

- Rinne Oideachas Aosach athbhreithniú ar VTOS agus an Grúpa Oibre BTEI le cois soláthar duine le duine ar mhaithe leis an phróiseas treorach a imeascadh isteach i dtorthaí FETAC
- Rinne gach scoil iarracht soláthar treorach a choimeád ag an leibhéal ab airde is a b'fhéidir in ainneoin gearradh siar an Rialtais
- Rinne Coláistí na Maoile Rua agus Magh Éne araon athbhreithniú agus forbairt ar Phleananna do Theagmhas Criticiúil mar chuid den Soláthar Scoile Uile. Rinne Gairmscoil Mhic Diarmada athbhreithniú ar threoir agus tháinig comhairleoir nua treorach isteach ar an fhoireann
- Cuireann an tSeirbhís um Threoir san Oideachas Aosach Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar fáil treoir leanúnach agus treoir róimhfhágála do dhaoine fásta ar chláracha oideachais an CGO chomh maith le treoir réamh-iontrála do dhaoine atá ag smaoineamh ar chláracha oideachais agus oiliúna a chuireann soláthraithe seachtracha ar fáil.
- Sa bhliain 2012, rinneadh athbhreithniú ar VTOS agus an Grúpa Oibre BTEI le cois soláthar duine le duine ar mhaithe leis an phróiseas treorach a imeascadh isteach i dtorthaí FETAC
- Lean Youthreach ar aghaidh ag cur treoir ar fáil d'fhoghlaimeoirí in 2012 a bhuí do sholátahr na modúil ábharthacha FETAC agus an tSeirbhís Abhchóideacht. Ofrálann an príomhfhoireann treoir túslíne ar an chlár Foghlaim don Saol.
- In ainneoin an tógáil ar shiúil den stádas lasmuigh den chuóta Gairmthreoir ag DES agus tógáil ar shiúil den Tionscamh um Fheabhsú Treorach, d'fheabhsaigh Coláiste Gleann Finne an soláthar de Ghairmthreoir dá chuid daltaí, ag ofráil treoir ar Shlite Beatha agus leibhéal suntasach de chomhairleoireacht do dhaltaí.
- Tá Coláiste na Carraige ag forbairt Plean Treorach, ach tionchar nach beag ag an gearradh siar sa réimse seo.
- I gColáiste Cranncha, bíonn cruinnithe rialta ann ar mhaithe le Foireann Cúraime a bhunú mar fhreagra ar eachtraí criticiúla. Bhí ionchuir ag na Treoirchomhairleoirí ar an Pholasaí um Frithbhulaíochta. Tá an rachairt ar chomhairle ag méadú leis. I ndiaidh an cheapachán de mhúinteoir úr Treorach i nGairmscoil Mhic Diarmada, rinneadh athbhreithniú ar an Phlean Treorach. Tá Gairmthreoir ar fáil do gach mac léinn i gColáiste na Maoile Rua mar rang de chuid an chlár agus tá comhairle duine le duine ar fáil ón 3ú bliain ar aghaidh. Tugann an Príomhoide comhairle aonair d'iomlán na daltaí sa 3ú bliain. Chuir 4 bhall foirne ceardlanna i scileanna staidéir ar fáil do dhaltaí sa 3ú bliain agus sa 6ú bliain. Rinneadh forbairt ar Pholasaí um Theagmhas Criticiúil mar pháirt den Treoirphlean.

## TOSAÍOCHT 7

**Spiorad na cruthaitheachta agus na fiontraíochta a ghríosadh i ngach Scoil, Coláiste agud Ionad**

- Ghlac Coláiste na Carriage, Coláiste Magh Éne agus Coláiste an Earagail páirt sa tionscnamh 'Bunaigh Banc' a bhí a reáchtáil ag Banc Aontas Éireann
- Tríd a gclár Gnó, chuir Coláiste na Maoile Rua tús le clár meantóireachta le baill foirne ó Premerica
- Déanann gach scoil / coláiste cinnte de go bhfreastalaíonn a gcuid mac léinn ar sheimineáir fá shlite beatha agus ag an am céanna éascaíonn siad cur i láthair ó choláistí tríú leibhéal éagsúla agus ó na hollscoileanna
- D'ofráil Tionscnamh Ceoil Dhún na nGall teagasc gutha agus uirlísí in 12 ionad/scoil
- Bronnadh dhá dhuais 'Get up and Go' ar Choláiste Ailigh ag an Taispeántas Trádála Réigiúnach
- Eagraíonn gach uile scoil/coláiste socrúcháin ar thaithí oibre do mhic léinn na hIdirbhliana i rith na bliana acadúla.

**Cruthaíocht agus Fiontraíocht**

Ofráladh cúrsa creidiúnaithe dar teideal Oiliúint don Oiliúnóir do theagascóirí ar an Chlár um Oideachas Pobail. Le linn na bliana 2012, thosaigh cuid de na hIonaid Youthreach ag reáchtáil clár NFTE (Líonra d'Fhiontraíocht Teagaisc). Tá an Comhpháirtíocht Ceoil fite fuaite i gcruthaíocht de bhrí go gcuireann sé ar fáil teagasc uirlíse agus gutha i ndiaidh am scoile in 12 ionad/ scoil ar fud an chontae.

**Comórtas BEO**

Is iad déagóirí a eagraíonn an imeacht BEO do dhéagóirí. Tá an imeacht seo á reáchtáil i nDún na nGall ón bhliain 2009 agus rinne sé óstáil ar mhórán de chuid bhannaí iomráiteacha na hÉireann, ina measc More Than Conquerors, The Wonder Villains, Dirty 9's agus Scubba Dice le cuid acu a lua. Féadann BEO a bheith mórtasach siocair go ndéan sé iarracht 'cúpla focal' a chur chun cinn agus ag plé le saincheisteanna sóisialta suntasacha.

Ar na mallaibh, ghlach BEO páirt i gcomórtas náisiúnta nuálaíochta, a bhí ina chúis le seoladh www.beoireland.com ag ócáid speisialta i Lárionad Réigiúnach Cultúrtha i Leitir Ceanainn ar an 16ú Nollaig.
Tá an suíomh gréasáin seo deartha le cuidiú le scoileanna eile a n-imeacht BEO a reáchtáil agus ag an am céanna ardán a thabhairt do pháirtithe leasmhara lena gcuid iarrachtaí a thaispeáint.

I ndiaidh cruinnithe le hIonad Oideachais na Gaillimhe agus Comhairle Chontae Dhún na nGall, tá comórtas náisiúnta socraithe ag BEO. An uair seo, tá an comórtas ag díriú ar ranganna i meánscoileanna na hÉireann.

Seoladh an comórtas go poiblí ar an raidió agus na nuachtáin náisiúnta go luath i mí Éanair 2012, agus na buaiteoirí a n-ainmniú ag imeacht speisialta na nduaiseanna a bheas a reáchtail ag BEO ar an II de mhí na Bealtaine. Gheobhaidh na buaiteoirí ?5,000 nó ?5,000 de ghléasra ríomhaireachta a chuideoidh leis na scoileanna tuilleadh imeachtaí BEO a eagrú.

Bhain Idirbhliain Choláiste Ailigh dhá dhuais sa Taispeántas Trádála Réigiúnach 2013 do Mhionchomhlachtaí le "Get Up and Go". Déanann mic léinn na hIdirbhliana taithí oibre lá amháin sa tseachtain in dhá áit, fhad is mhairfeas TY.

Chruthaigh Coláiste Gleann Finne flóta don Pharáid ar Lá Fhéile Pádraig, ag cur ar fáil píosa ealáine suntasach leis an téama Balor. Do na scrúdaithe LCVP, LCA agus PLC, tá socrúcháin oibre le déanamh ag na mic léinn sa dóigh go bhfaigidh siad na scileanna atá riachtanach don saol oibre. Leanann pobal na scoile ar aghaidh ag cruinniú airgid do Ghníomhaíochtaí Seach-churaclaim tré úsáid a bhaint as córais do scéim dhreasachta gnó. Caitheann na mic léinn am gairid, ach éifeachtach, ag scáthfhoghlaim. Cuirtear tús leis an phróiseas seo sa dara bliain. Cuidiónn Banc Uladh le scileanna agallaimh do mic léinn na dara bliana agus sa ceathrú bliain cuireann SITA a gcuid daoine proifisiúnta oilte ar fáil tríd an Tionscnamh darb ainm Gnó sa Phobal lena dteicníc agallaimh a dhéanamh níos fearr.

- Chuir Coláiste na Carraige isteach ar roinnt comórtas sa réimse seo, ar na mallaibh an comórtas 'Bunaigh Banc' a reáctálann Banc Aontas Éireann.
- Ghlac Coláiste Pobail Cholmcille páirt i gcruthú dráma raidió a scríobh siad féin, a léirigh siad, a thaifead siad agus a ndearna siad féin eagarthóireacht air.
- Bhí Coláiste Cranncha páirteach sa chomórtas 'Bunaigh Banc' agus sa tionscnamh Gnó sa Phobal le nascanna le hInnealtóireacht Inis Eoghain.
- Tá Coláiste na Maoile Rua páirteach fosta sa tionsnamh Gnó sa Phobal agus is é Premerica atá mar pháirtnéir acu. Chuir seisear mac léinn tús le togra meantóireachta leis an chomhlacht. Labhair an laoch áitiúil Oilimpeach, Brendan Boyce, leis na mic léinn.
- Tá Gairmscoil Caitríona páirteach sna cláracha fiontair KEY agus LET, chomh maith leis an togra darb ainm do 'Think Big'. Léiríonn agus seachadann mic léinn TY clár ar an raidió áitiúil. Tugann lucht gnó áitiúil cuairt ar sheomraí ranga le cur i láthair a dhéanamh le linn LCVP agus tugann na mic léinn cuairteanna ar bhancanna agus ar ghnónna áitiúla.

**Eochairthéama - Eagraíocht Fhorásach Fhreagrach**

## TOSAÍOCHT 8

Struchtúir agus Córais na hEagraíochta a chuíchóiriú chun go mbeidh sí in inmhe a cuid feidhmeanna feabhsaithe úra a chur i gcrích.

- Tá córas e-Portal tugtha isteach ag dornán Scoileanna agus Coláistí sa dóigh go mbeidh ar chumas na scoile faisnéis a bhaineann le daltaí a bhainistiú níos fearr. Tá athshannadh déanta ar roinnt dualgas príomha i Scoileanna agus i gColáistí ar mhaithe le hathruithe éagsúla a chur san áireamh. Le linn 2011, cuireadh tuilleadh Scoileanna agus Coláistí isteach ar an chóras do Éileamh Ar Line do Mhúinteoirí Páirtaimseartha. (Ciarian)

## TOSAÍOCHT 9

Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais reachtúla/rialachais atá mar bhonn agus thaca le Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfear iarmhairtí an phróisis sin i bhfeidhm.

- Tá CGO Dhún na nGall faoi rialú oibleagáidí reachtúla ábhartha agus trí chruinnithe an Choiste agus cruinnithe na bFochoistí gaolmhara (Boird Bainistíochta, Airgeadais agus Iniúchóireachta, Bord Oideachais Aosaigh agus Fochoiste an Óige). Cuireann an eagraíocht i bhfeidhm iomlán na ngníomhaíochtaí riachtanacha chun a chinntiú go gcloítear leis na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna.

- Rinneadh na hiniúichtaí seo a leanas le linn na bliana 2012: rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Cuntais do 2011; Iniúchadh Inmheánach ar rognú agus úsáid foirne ag Aonad Seirbhísí Tacaíochta Gairme (VSSU); clár Youthreach agus modhanna imeachta chun earraí agus seirbhísí a fháil agus díol ar a son.

# 9.0 RIALACHAS CORPARÁIDEACH – TUARASCÁIL AIRGEADAIS

## FORBHREATHNÚ

### STRAITÉIS AIRGEADAIS

Tá sé mar aidhm ag Feidhm an Airgeadais tacú leis an Choiste i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse. Le Tacaíocht Airgeadais áirítear tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochtaí agus freagracht reachtúil.

### FREAGRACHT REACHTÚIL

Tá coinníollacha dochta freagrachta i bhfeidhm do Choistí Gairmoideachais. I measc na riachtanas seo, tá ullmhúchán na gCuntas Bliantúil i bhformaid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Iniúchadh na gCuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha seo agus lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna go héifeachtach.

### NÓTAÍ TRÁCHTA AR FHEIDHMÍOCHT

Rinne an Rannóg Airgeadais bainistiú agus riarachán ar 90 Buiséad Clár de chaiteachas atarlaithe de ¤52.94 milliún agus an mhéid céanna de Thograí Caipitiúla, i gcomhar le Rannóg na Bainistíochta Eastát, caiteachas de ¤l.69 milliún agus ionann le caiteachas iomlán de ¤54.63 milliún.  Chuir an patrún leanúnach boilscithe dúshláin mhóra os comhair lucht na mBuiséad maidir le seachadadh a gcuid seirbhísí.

Siocair gur fhostaigh CGO Dhún na nGall 1,348 ball foirne, le hábhaltachtaí éagsúla, is ceann de na Fostóirí is mó sa Chontae é. Tá Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar cheann de na fostóirí is mó sa Chontae, le 1,348 fostaí.


Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de ¤3.066 milliún i bhfabhar 332 mac léinn a d'fhreastail ar Choláistí Tríú Leibhéil aitheanta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear 161 mac léinn a d'fhreastail ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta i Scoileanna Dara Leibhéil ar fud an Chontae.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de ¤2.169 milliún i bhfabhar Oiliúnaithe a bhí rannpháirteach sna Cláracha éagsúla faoi Sheirbhísí Breisoideachais agus Oideachas Aosach, macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil/Youthreach, maraon le réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ar bhonn conartha thar ceann FÁS.

## FÁISNÉIS AIRGEADAIS


Tá Iniúchadh na gCuntas do 2012 curtha i gcrích agus tá deimhniú foirmeálta faighte ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Achoimre na nÍocaíochtaí don bhliain 2012 leagtha amach sa Tábla thíos:


| CLÁR | CAITEACHAS 2012 | |
|---|---|---|
| **¤000** | **%** | |
| **Ginearálta agus Iar-bhunoideachais** (Costais reáchtála 15 Scoil & Coláistí Dara Leibhéal, Ranganna Oíche in Oideachas Aosach agus Oifigí an CGO) | 35,464 | (64.92%) |
| Seirbhísí Breisoideachais & Oideachas Aosach (VTOS, Youthreach, STTC, Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Treoirsheirbhís d'Aosaigh, Cúram Páistí, LMESP &rl.) | 9,098 | (16.66%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | 577 | (1.02%) |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn (Scoláireachtaí CGO/Deontais PLC) | 3,066 | (5.61%) |
| Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,102 | (3.85%) |
| Gníomhareachtaí | 2,650 | (4.85%) |
| Tionscadail Chaipitiíla | 1,689 | (3.09%) |
| **Iomlán** | **54,626** | **100%** |



**Taispeánann breis Anailíse ar Íocaíochtaí 2012 iad seo a leanas:**

| | | |
|---|---|---|
| Pá | ¤39.90million | (73.03%) |
| Neamhphá | ¤7.24million | (13.25%) |
| Liúntais Oiliúnaithe | ¤2.17million | (3.97%) |
| Deontais Tríú Leibhéal/PLC | ¤3.07million | (5.62%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | ¤0.56million | (1.03% |
| Tionscadail Chaipitiúla | ¤1.69million | (3.1%) |
| **Iomlán** | **¤54.63million** | **(100%)** |



## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá glactha ag an CGO le Cód Dea-Chleachtais Rialachais. Tá an Cód atá glactha leis ag teacht leis an Chód atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gCiorclán F11/05. Tá sé mar chuspóir ag an Cód a chinntiú go gcuireann an Coiste Gairmoideachais i bhfeidhm na Prionsabail do Dhea-Chleachtas Rialachais agus Bainistíochta.

Ó thaobh an Airgeadais de, tá cuidiú ar fáil don phróiseas seo siocair gur ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Fochoiste Airgeadais agus go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfeidhm.

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá seachtar Ball Neamhfheidhmiúcháin de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar an Choiste Iniúchóireachta, iad go léir neamhspleách ón Bhainistíocht agus faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jimmy Kavanagh, a toghadh chuig an phost seo ar feadh tréimhse an Choiste reatha.Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus i gcur dearbhú ar fáil don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas do Rialú Inmhéanach. Fuair siad tuarascálacha ón Bhainistíocht, ón Iniúchóireacht Sheachtrach, curtha ar fáil ag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, curtha ar fáil ag Aonad na Seirbhísí Gairmthacaíochta (VSSU) ar a n-áirítear athbhreithniú ar na polasaithe agus na gnáthaimh a rialaíonn feidhm an Airgeadais agus feidhmeanna eile. Faigheann an Coiste cóipeanna de Mhiontuairiscí Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus cuirtear iad seo san áireamh i nglacadh le Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ceadú na ngCuntas Bliantúil.

## FÓCHOISTE AIRGEADAIS

Tá ochtar comhalta ar an Fhochoiste Airgeadais, ina measc an Príomhfheidhmeannach i ról Ex-Officio. Tá an fochoiste freagrach as athbhreithniú ar Ioncam/Chaiteachas an Choiste Gairmoideachais, mórChonarthaí a bhronnann an CGO agus gnéithe airgeadais a bhaineann leis na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse faoi seach. Cuirtear miontuairiscí an Fhochoiste Airgeadais faoi bhráid an Choiste lena machnamh a dhéanamh orthu agus cuidiú leo a dheimhniú go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

## RIALÚ INMHEÁNACH

Tá freagracht foriomlán ar an Choiste le déanamh cinnte go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais coinnithe agus á chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú Inmheánach agus ansin faigheann sé Tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta le machnamh a dhéanamh uirthi. Tá an Córas do Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar na Gnásanna Riaracháin mionsonraithe atá i bhfeidhm, ar idirdhealú dualgas, údaraithe faoi leith, agus ar athbhreithniú rialta ag an Bhainistíocht agus an Coiste ar thuarascálacha faoi thorthaí Iarbhír agus Buiséadaithe do na Cláracha éagsúla.

## 9.10 Aoisliúntas agus Sochair Scoir

Tugann tábla 4.4 tuairisc faoi shonraí eagrúchain na Rannóige Pinsin don bhliain 2012:

Ainm na Scéime: **An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) (Comhdhlúthú), 1998**

| Tascanna Curtha i gCrích | Sonraí |
|---|---|
| Líon na nDaoine a scoir sa bhliain 2012 | 10 Duine ar Scor |
| Líon Iomlán na nDaoine ar Scor | 196 (iad sin thuas san áireamh) |
| Líon na bhfiosrúchán úrnua sa bhlian reatha | 183 |
| Líon na bhfiosrúchán próiseáilte | 157 |
| Líon na bhfiosrúchán ar siúl suas go dtí 31/12/2012 | 359 |
| Ciorcláin agus Comhaontuithe Comhchoiteann a raibh tionchar acu ar an Scéim Pinsin sa bhliain 2012. | Feidhmiú an 'Tréimhse Chairde' go deireadh mí Feabhra 2012 |

## TOSAÍOCHT 10

### An sainoilteacht agus na hinniúlachtaí atá ag baill foirne a aithint agus iad a mheaitseáil le heochairscileanna eagrúcháin.

- Rinne mórán scoileanna/coláistí athbhreitniú bliantúil ar phostanna freagrachta
- Rinne Coláiste na Carriage athbhreithniú ar a Bhainistíocht Scoile de bharr nach bhfuil Rúnaí Scrúduithe ann feasta agus an obair bhreise atá le déanamh ó tugadh isteach na córais PTT agus FIDO
- I dTionscnamh Ceoil Dhún na nGall, ghlac an Comhordaitheoir ar na Tograí páirtaimseartha PEACE an ról do mhargaíocht na meáin sóisialta
- I gColáiste Cranncha, chuir baill foirne aonair tús le cúrsaí éagsúla i staideár bhreise, ina measc – MA san Oideachas, Riachtanais Speisialta, Cleachtais Athshlánaithe, Bainistíocht Oideachais, IT, Dráma
- I gColáiste Magh Éne agus i gColáiste Phobail Colmcille thug baill foirne sainoilte meantóireacht do mhúinteoirí eile in IT

I réimse an Oideachais Pobail, rinne an fhoireann lárnach go léir iniúchadh ar a gcumas faoi leith. Le linn 2012. Ghlac an comhordaitheoir sealadach páirtaimseartha ar PEACE an ról do mhargaíocht na meáin shóisialta.

I gColáiste Gleann Finne rinneadh athdhéanamh agus athmhúnlú ar an Fhoireann Cúraim le bheith ag teacht le dea-chleachtas i gCúram Tréadach. Aithníodh baill foirne le hoilteacht faoi leith in ASD agus fuair siad traenáil in-seirbhíse ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Aonad ASD úrnua na scoile. Cuireadh baill foirne úra isteach leis an chroífhoireann teagaisc ar a dtugtar Tacaíocht Foghlama.

Rinneadh athbhreithniú ar na PoRs i roinnt scoileanna. Tá an t-athbhreithniú seo mar thoradh, den chuid is mó, ar an státchairde atá le líonadh isteach na PoRanna
I gColáiste Pobail Cholmcille, thug múinteoirí meantóireacht do bhaill foirne eile i scileanna ICT skills. Tugtar an deis do baill foirne a bhfuil breis cáilíochtaí acu, ag leibhéal Máistir agus Dochtúra, a gcuid sainoiliúint, scileanna agus ábaltachtaí a chur i bhfeidhm agus a úsáid.


## TOSAÍOCHT 11


**Réimse deiseanna foghlama a sholáthar do bhaill foirne le tácú leis na foirne agus acmhainneacht eagrúcháin a chruthú d'fhonn cáilíocht an tsoláthair oideachasúla a fheabhsú.**

Tá iomlán scoileanna agus ionaid rannpháirteach i bhforbairtaí éagsúla, cibé pearsanta nó proifisiúnta, iad seo a leanas san áireamh

- Go ginearálta, taispeánann an graf thíos an cineál tacaíochta a fuair baill foirne sa bhliain 2012.
- Tá siad seo a leanas áirithe san Fhorbairt Ghairmiúil ar Theagasc agus ar Fhoghlaim Leantach (CPD):

| | |
|---|---|
| Oiliúint dion Oiliúnóir, FETAC Leibhéal 6 (VTOS) | Cúrsaí In-seirbhíse faoi Shainordú Náisiúnta |
| Cosaint Páistí (Comhpháirtíocht Ceoil) | Soláthar ASD |
| Ceannaireacht Theagasach | Meabharshláinte agus Strus |
| Oiliúint FETAC Leibhéal 3 | Measúnacht FETAC |
| Inspreagadh do Mhic Léinn | Frithbhulaíocht |
| Múinteoireacht Cumais Mheasctha | Bainistíocht Struis |
| Uileghabháileacht / LGBT | Litearthacht agus Uimhearthacht |
| Féinmheastóireacht Scoile | Frithchiníochas |
| Treanáil in LCA | Comhiomlánú ar Litearthacht |
| Ríomh-fhoghlaim | A.S.I.S.T. |
| Ag Bainistiú Seomra Ranga | Garchabhair Oibre |
| Feasacht ar Chomhionannas | Oiliúint in NLP (Foghlaim don Bheatha) |
| Treanáil i Sláinte & Sábháilteacht | Scileanna Stiúrtha (Comhphairtíocht Ceoil) |
| Oiliúint in NFET (Fiontraíocht) | Oiliúnt i Sláinte Ghnéis |
| Oiliúint do 'Girls Active' (FSS) | Cleachtais Athshlánaíocha |
| Traenáil do Bhord Roghnúcháin | Traenáil i mBíog Díola |
| Úsáid Substaintí | Traenáil do Chomhairle na Mac Léinn/Foghlaimeoirí |




Lena chois sin, bhain baill den fhoireann amach cáilíochtaí i roinnt réimsí, ina measc:

Bhí baill foirne i dTreoir do Dhaoine Fásta rannpháirteach i dTraenáil um Bhrionglóidíocht Ghairme agus CPD tríd an NCGE. Freastalaíonn múinteorí sna scoileanna dara leibhéal ar threanáil in-seirbhíse a eagraíonn an Roinn Oideachais & Scileanna maidir le hathruithe sa churaclam, m. sh. tionscadal Mata agus tugtar cuidiú do bhaill foirne ina ról mar theagascóirí chun cúrsaí in-seirbhíse a thabhairt do mhúinteoirí eile. Baineann baill foirne Staff úsáid rialta as CPD (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) i réimse SEN. Speagtar foirne le bheith ina mbaill dá gcumainn ábhair. I gColáiste Pobail Cholmcille rinne múinteoirí cúrsa chun cur lena scileanna sa ríomhaireacht chomh maith le lá traenála ar SPHE i ndáil le LGBT agus Bulaíocht agus litearthacht. Ceannaireacht Theagascach, NEPS mar chúrsa in-seibhíse, traenáil leanúnach in ICT, m.sh. Eportal, obair thacaíochta NBSS maidir le Cur Chun Cinn Iompraíocht Dhearfach. Clúdaíodh Cleachtais Athshlánaithe, Bainistíocht Struis, Múinteoireacht Cumais Mheasctha i nGairmscoil Mhic Diarmada agus i gColáiste na Maoile Rua maraon le pleananna ábhair a fhorbairt agus acmhainní a roinnt. Fuair Múinteoirí Riachtanas Speisialta oiliúnt faoi leith a bhí ábhartha dá riachtanais i roinnt scoileanna.

Chuaigh foireann BTEI i mbun togra mór ar mhaithe le hacmhainní comhchoitianta a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt do Dhámhachtainí Coitianta nua FETAC. Go dtí seo, bhí sé mar thoradh air seo go raibh banc acmhainní ar fáil do gach múinteoir. Spreagadh agus cuidíodh le múinteoirí téama líonrú a dhéanamh. Sa bhliain 2012, bhí baill foirne Youthreach páirteach i gcuid mhór deiseanna d'fhorbairt foirne, ina measc FETAC, SPHE, alcól agus drugaí, meabhairshláinte, Girls Active, cosaint páistí, Sláinte & Sábháilteacht, NFTE fiontraíocht), litearthacht.

# TOSAÍOCHT 12

## A bheith mar eagraíocht inniúil chomhionannais

Bhí foreann BTEI rannpháirteach in Oiliúint LCBT le linn 2012. Ghlac iomlám na teagascóirí in Oideachas Pobail páirt san Traenáil d'Fhorbairt Oideachais Domhanda agus rinne an fhoireann Bunoideachais traenáil ar Frithbhulaíocht. I mbeagnach gach scoil dara leibhéal, déanann daltaí na chéad bhliana samplú ar abháir sula bpiocann siad a rogha. Tá gach ábhar ar fáil don dá inscne. Maidir le Cumas measchta/ Idirdhealú maidir le teagasc agus measúnacht, cuirtear é seo chun cinn i ngach scoil le bheith cinnte go gcuirfear cuimsitheacht chun cinn do gach uile dhalta. Cuidíonn na foirne SNA chun cuimsitheacht a dhaingniú inár gcuid scoileanna. Tá cláracha malartacha staidéir don teastas sóisearach agus don teastas sinsearach ar fáil in iomlán na n-ocht scoileanna DEIS. Cuireadh aonaid ASD isteach i gColáiste Gleann Fhinne, i gColáiste Cranncha, i gColáiste an Earagail agus i nGairmscoil Chaitríona agus cuireadh seomra ranga ModGLD ar fáil i gColáiste Pobail Bhun an Phobail.

- Tugtar an deis do dhaltaí i gColáiste Magh Éne agus i gColáiste Ailigh ábhair a bhlaiseadh sa Chéad Bhliain sula a ndéanann siad an cinneadh rogha níos fóirsteanaí a ghlacadh.
- Rogha ábhar le fáil i scoileanna agus ionaid, ní miste cén inscne atá ag daltaí
- Mar pháirt dá phlean dhá bhliain, thug Coláiste na Maoile Rua isteach múinteoireacht cumais mheaschta sa chéad agus sa dara bliain - le tabhairt do gach grúpa in 2013.

## TOSAÍOCHT 13

### Stratéisí a chur i bhfeidhm chun na gnéithe diúltacha d'aighneas a theorannú.

- Chuir Gairmscoil Mhic Diarmada i bhfeidhm cur chuige do Chleachtas Athshlánaíoch agus rinneadh é a chomshnaidhmiú i gCód Iompraíochta na scoile.
- Thosaigh Coláiste Cranncha ar chruinnithe rialta den Fhoireann Cúraim agus leagadh amach polasaí Frithbhulaíochta.
- I gColáiste na Carriage agus i gColáiste Magh Éne, rinne baill foirne traenáil ar Réiteach Áighnis.
- Rinne Seirbhís óige Dhún na nGall seacadhadh ar cheardlanna i mórán scoileanna agus ionaid laistigh den chontae.

### Fócas ar Chleachtas Athshlánaíoch

- Sa bhliain 2011, fuair CGO Dhún na nGall maoiniú de ?100,000 ó chlár Peace III ar mhaithe le togra dhá bhliain a reáchtáil chun cleachtas athshlánaíoch a chur i réim i scoileanna iar-bhunoideachais, ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí um obair óige ar fud an Chontae. Bhí Contae Dhún na nGall rannpháirteach ina leithéid de chleachtas le mórán blianta agus anois tá deis ar dóigh curtha ar fáil ag Peace III don Chontae d'fhonn Dún na nGall a bheith aitheanta mar Chontae Athshlánaíoch do dhaoine óga agus an cleachtas seo a dhaingniú.

- Tá trí eilimint i gceist sa togra— traenáil, taighde agus gníomhaíocht eagraíochta. Tá na cúig ionad Youthreach, maraon le ceithre scoil dhéag iar-bhunoideachas (ina n-áirítear ochtar de chuid an CGO: Coláiste Cranncha; Coláiste an Earagail; Coláiste Ghleann Fhinne; Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir, agus Coláiste na Maoile Rua), rannpháirteach sa togra in éineacht le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige ar mhaithe le cleachtas athshlánaíoch a neadú ina gcuid ionad sa dá bhliain amach romhainn.

- I mí na Samhna 2011, d'fhreastail céad ball foirne ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar chúrsa traenála a d'eagraigh an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, chun cur ar a gcumas úsáid níos fearr a bhaint as Cleachtas Athshlánaíoch ina gcuid oibre. Tá an taighde, atá a dhéanamh fosta ag an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, i bhfách lena dheimhniú cá háit a bhfuil Scoileanna, Coláistí agus Ionaid, maraon le seirbhísí don aos óg, i dtaca le húsáid Cleachtas Athshlánaíoch mar mhodh réitigh aighnis agus caidreamh a athbhunú, agus modh measúnachta a fhorbairt don dul chun cinn le linn tréimshe an tionscadail.

- Bhí siad seo a leanas i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa taighde: leibhéil eisiaimh, freastail agus neamhláithreachta, eachtraí bulaíochta, ciníochas, drochiompraíocht, úsáid drugaí, íde béil/fisiceach. Sa bhliain 2012, beidh ar a gcumas maoiniú measartha a fháil chun é a úsáid mar a mheasann siad a bheith riachtanach d'fhonn an cleachtas a dhaingniú ina gcuid áiteanna go léir i measc na bhfoirne agus na ndaoine óga. Cuirfear críoch leis an tionscadal ag comhdháil clabhsúir, ag a ndéanfar an fhoghlaim ón tionscadail a roinnt, i mí na Bealtaine 2013.

Thosaigh Youthreach ag amharc níos grinne ar úsáid chleachtais athshlánaíoch sa bhliain 2012 agus bhí na hionaid go léir rannpháirteach sa Togra um Chleachtas Athshlánaíoch a bhí maoinithe ag PEACE III trí Choste Gairmoideachais Dhún na nGall. Tá seisear ball foirne ó thrí ionad ag déanamh Teastas Iarchéime i gCleachtas Athshlánaíoch in Ollscoil Uladh. Thug Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Ionad Frithbhulaíocht O'Moore i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, cainteanna ar bhulaíocht d'fhoireann, do mhic leinn agus do thuismitheoirí ó Coláiste Ailigh. Baintear úsáid as SPHE chun bac a chur le haighneas i gcuid mhór scoileanna agus as an obair mhaith a dhéanann baill de na Foirne Cúraim. Tá roinnt baill foirne oilte i Réiteach Aighnis agus in Oiliúnt fá Aighneas. Leanann seacht scoil de bheith páirteach sa togra Cleachtais Athshlánaíoch atá ag PEACE III. Tá baill de phobail scoile, tuismitheoirí ina measc, ag fáil traenáil i gCleachtas Athshlánaíoch san am i láthair. Rinne Coláiste Cranncha, Coláiste na Maoile Rua agus Gairmscoil Mhic Diarmada MD athbhreithniú ar roinnt polasaithe ar mhaithe le comhshnaidhmiú a dhéanamh ar bhealaí chun an t-aighneas a réiteach.

## TOSAÍOCHT 14

### Seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach

- Mar a oireann do Choiste Gairmoideachais atá ag freastal ar cheantar mhór Gaeltachta, lean an Coiste ar aghaidh ag bisiú a éifeacht agus a acmhainn sa bhliain 2012.
- Cuireann aon trian de Scoileanna agus Coláistí dara leibhéal agus de na hIonaid atá faoi chúram CGO Dhún na nGall seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá seirbhísí dátheangach ar fáil sna háiteanna eile agus sa tSeirbhís d'Oideachas Aosach ar fad.
- Cuireadh réimse clár, cúrsaí agus imeachtaí trí Ghaeilge ar fáil in Ionad Eachtraíochta Ghartan i rith 2012.
- Cuirtear an Ghaeilge chun cinn mar mhodh cumarsáide leis an phobal agus mar mhodh chun eolas a thabhairt don phobal.
- Tá foilseacháin an Choiste, cibé ar-líne nó i bprionta, i nGaeilge agus i mBéarla, leithéidí Foirmeacha Iarratais, Tuarascálacha Bliantúla, Plean Straitéiseach, agus Réamheolaire agus Bróisiúir na gClár.
- Maidir leis na chéad phointí teagmhála leis an phobal, cuireann na baill foirne atá i bhfeighil na seirbhísí fáilte agus laschláir i ngach Scoil, Coláiste agus Ionad agus sna hOifigí Riaracháin, beannachtaí agus seirbhísí bunúsacha teileafóin ar fáil trí Ghaeilge.
- Tá suíomh gréasáin corparáideach an Choiste go hiomlán dátheangach.
- Tá CGO Dhún na nGall lán dáiríre i bhfabhar forbairt phearsanta leanúnach do bhaill foirne atá ag iarraidh a gcuid scileanna sa Ghaeilge a fheabhsú.
- Chuir an tSeirbhís Oideachais Ceoil teagasc uirlise ar fáil trí mheán na Gaeilge ar Oileán Thoraí agus Árainn Mhór mar chuid dár dtograí faoi PEACE III.
- Is féidir breathnú ar an dara Scéim Gaeilge, 2009-2012, atá ag an Choiste ar shuíomh gréasáin corparáideach an Choiste ag an seoladh www.donegalvec.ie
- Bhuaigh Coláiste Ailigh, an t-aon solathraí i nDún na nGall a chuireann oideachas ar fáil i nGaeilge amháin lasmuigh den Ghaeltacht, an duais dara leibhéal ar son club a bhunú do dhaoine óga – Ailigh G!
- I gColáiste na Carriage, rinne an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide agus an Riarthóir cúrsaí sa Ghaeilge agus tá meon dearfach don Ghaeilge le fáil ar fud na scoile.
- Rinne DMI forbairt agus léiriú ar Bhileog Oibre i nGaeilge agus i mBearla don Bhunscoil le húsáid i gcuideachta an chraoladh beo den Happy Prince ar Raidió Sóisiarach RTE.
- Tá treoirsholáthar trí Ghaeilge ar fáil do chúrsaí BTEI.
- Déantar Seachtain na Gaeilge a chur chun cinn go gníomhach i ngach uile scoil.
- I gColáiste Pobail Cholmcille, tá cláracha rannpháirteacha idir tuismitheoirí agus múinteoirí atá deartha le dúshlán fá Ghaeilge Thoraí a thabhairt do na múinteoirí. Chomh maith leis sin, tá cur chun cinn na teanga agus an cultúr Gaelach mar chuid den fhreagracht atá ag sealbhóir poist i scoil an oileán. Fuair an scoil an chéad áit i nGaeltacht Dhún na nGall agus bhuaigh sí cúig dhuais náisiúnta eile ar son scríbhneoireachta chruthaitheach.

## TOSAÍOCHT 15

**Córais bainistíochta d'aighnis san eagraíocht a fhorbairt a úsáideann modhanna malartacha chun aighneas a réiteach.**

- Le mórán blianta, thacaigh CGO Dhún na nGall le modhanna malartacha chun aigneas a réiteach. Má tharlaíonn aigneacht áit ar bith san eagraíocht, baintear úsáid as na prionsabail, Idirghabháil agus Ceartas Aisiríoch, do baill foirne agus mic léinn.

- Tá eochairbhaill den fhoireann cáilithe mar Idirghabhálaí. Tá painéal d'Eascaitheoirí inmheánacha ar Réiteach Aighnis ag an Choiste maraon le líonra seachtrach de Idirghabháilaithe agus Comhairleoirí gairmiúla.

- (Cuirtear síos air seo fosta i dTosaíocht 13) (This area is also addressed at Priority 13)

## TOSAÍOCHT 16

**Struchtúir agus tosaíochtaí eagrúcháin a athchóiriú agus solúbthacht a chur chun cinn i ndáil le róil oibre chun iad a bheith in oiriúint do riachtanais atá ag athrú.**

Cuireann Rannóg na nAcmhainní Daonna i CGO Dhún na nGall tacaíocht ar fáil trí cheithre réimse oibre faoi leith, mar a leanas:-

- Riarachán Acmhainní agus Saoire
- Earcaíocht agus Roghnúchan
- Feidhmeanna Ginearálta Acmhainní Daonna
- Aoisliúntas/Pinsin.

Bhí tionchar suntasach ag reachtaíocht chosanta, i.e. na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001 agus (Oibrithe ar Théarma Socraithe), 2003, maraon leis na comhaontuithe comhchoiteann a tharla dá mbarr, ar bhaill foirne an Rannán Acmhainní Daonna i rith 2011.

| Postanna | Líon Post |
|---|---|
| **Múinteoirí (PRPT)** | 14 |
| **Príomhoide** | 1 |
| **Leas-Phríomhoide** | 1 |
| **Comhordaitheoir Teagmhála Baile/Scoile/Pobail** | 1 |
| **Múinteoir Teagmhála ar Iompraíocht Dhearfach** | 1 |
| **Fear Faire** | 1 |
| **Cúntóirí Riachtanais Speisialta** | 10 |

Le cois an méid atá thuas, baintear úsáid as acmhainní chomh maith le postanna Ócáideacha agus Neamhócáideacha a líonadh de réir mar a tharlaíonn a leithéid i Scoileanna/Coláistí/Ionaid an Choiste. Líonadh tríocha cúig den chineál sin post sa bhliain 2012 trí nósanna imeachta Earcaíochta agus Roghnúcháin.

**Foireann Teagaisc**

Ar mhaithe le líon na múinteoirí do scoileanna agus coláistí dara leibhéil a dheimhniú, tosaíonn próiseas i mí Dheireadh Fómhair gach uile bhliain trína gcuirtear leithdháileadh táscach na múinteoirí, bunaithe ar uimhreacha tinrimh dara leibhéil na scoilbhliana roimhe sin, ar aghaidh chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Ceadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna breis leithdháileadh múinteoirí mar a leanas:

- Tríd an phróiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Tosaigh na Roinne, mar thoradh ar mholtaí mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le géar-easnaimh churaclaim. Maireann an phróiseas seo ó mhí Feabhra go mí Mheithimh.
- Iarratais ar acmhainní i ndáil le riachtanais speisialta, foghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus foghlaimeoirí nach Náisiúnaigh iad.
- Tuilleadh iarratas ag baint le huaireanta cúitimh do Chomhordaitheoir na gClár agus Stiúrthóirí Oideachais d'Aosaigh, lamháltais curaclaim agus Cláracha iar-Ardteistiméireachta.
- Leithdháileadh a nochtann ó chláracha macasamhail an Clár Críochnaithe Scoile agus DEIS.

Ba é 391.11 Coibhéis Lánaimseartha an Leithdháileadh deiridh Múinteoirí do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall do mhí Mheán Fómhair 2011 (an scoilbhliain 2011/2012).

**Foireann Riaracháin**

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:-

- de réir na bhfoirmlí comhaontaithe atá leagtha síos i dTuarascáil Rochford agus comhaontú ina dhiaidh sin ar leibhéal an tsoláthair foirne sna Coistí Gairmoideachais, agus
- ar bhunús cláir.

Cuirtear Tuarascálacha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna gach ráithe i ndáil lena leibhéal ceadaithe feidhmíochta ina leith seo.

Sa bhliain 2012, bhí 71 ball foirne riaracháin fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid. Bhí leibhéal na foirne riaracháin ionann le 7.23% den bhuiséad pá foriomlán.

**Foireann Tacaíochta**

Déantar Ball Foirne Tacaíochta a leithdháileadh de réir líon agus méid na Scoileanna/Coláistí agus caighdeán/acmhainn na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Bhí iomlán de caoga ball foirne tacaíochta fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna hIonaid, sna Coláistí agus sna Scoileanna le linn na bliana 2012. Bhí leibhéal na foirne tacaíochta ionann le 3.34% den Bhuiséad Pá foriomlán.

## Cothromaíocht Oibre-Saoil agus Teidlíochtaí Saoire na mBall Foirne

Aithníonn CGO Dhún na nGall go bhfuil riachtanais agus oibleagáidí pearsanta ag baill foirne agus, chomh fada agus is féidir laistigh de na treoirlínte ábhartha, déanann an Coiste éascú ar theidlíochtaí saoire chun freastal ar na riachtanais sin. Léiríonn Figiúr x.x na hiarratais ar theidlíochtaí saoire a ndearnadh próiseáil orthu don fhoireann i rith 2012.

| | |
|---|---|
| Saoire Mháithreachais | 32 |
| Saoire Thuismitheora | 13 |
| Iasachtaí | 3 |
| Saoire Chúramóra | 1 |
| Post-Roinnt | 24 |
| Comhroinnt Oibre | 8 |
| Sos Gairme | 5 |

Tá cothabháil a dhéanamh ar iomlán thaifid eile na foirne, macasamhail neamhláithreacht bhaill foirne mar gheall ar bhreoiteacht, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan pá agus déantar taifid phearsanta a thabhairt suas chun dáta de réir riachtanais iniúchóireachta / eagrúcháin.

In Ionad Eachtraíochta Ghartan, aithnítear gurb é solúbthacht an toisc ratha. Admhaíonn agus aontaíonn na baill foirne go léir le cultúr na solúbthachta i ngach ról oibre.

## TOSAÍOCHT 17

### Straitéis chomhtháite do Theicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC/ICT) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do CGO Dhún na nGall

- Mar chuid den Straitéis do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), bunaíodh Grúpa Oibre Shuíomh Gréasáin in 2011. Is é an chuspóir a bhí ag an ghrúpa seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus réitigh a chur i bhfeidhm chun go mbeadh fáil níos éasca air agus go mbeadh sé ábhartha d'iomlán na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le CGO Dhún na nGall. Lean an grúpa ag castáil le cheile le linn na bliana 2012.
- I ndiaidh leagan píolótach, rinneadh tuilleadh forbartha ar shuíomh gréasáin úr inar cuireadh barúlacha agus aiseolas san áireamh.
- Cuireadh níos mó béime ar chuma an tsuímh ghréasáin maraon le struchtúr agus so-úsáidte na roghachlár.
- Tugadh freagracht do bhall foirne amháin le haire a thabhairt don suíomh gréasáin, rud a chiallaigh go raibh idirchaidreamh ar siúl leis na Scoileanna, Coláistí agus na hIonaid go léir chun a chinntiú go mbeadh píosaí nuachta suas chun dáta curtha ar an suíomh gach lá.
- Forbraíodh an suíomh gréasáin go dátheangach sa dóigh go gcloífeadh sé le gealltanais Scéim CGO faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Tá baill foirne ag baint tairbhe as mír faoi leith den suíomh gréasáin atá dírithe ar inlíon na foirne. Tá na Scoileanna, Coláistí agus Ionaid ag uasghrádú a n-infreastruchtúr TFC i gcónaí agus ag cur TFC isteach sa teagasc agus san fhoghlaim chomh fada agus is féidir, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

## TOSAÍOCHT 18

**Úsáid a bhaint as teicneolaíochta nua agus atá ag teacht chun cinn ar mhaithe le tacú le forbairtí sa teagasc agus san fhoghlaim, agus le bainistiú faisnéise, cumarsáide agus comhoibriú.**

- Thug Gairmscoil Mhic Diarmada isteach traenáil in Coderdojo do na mic léinn
- Chuir Gairmscoil Chaitríona iPadanna ar fáil do bhainistíocht na scoile lena bhféidearthachtaí a fhiosrú
- Thug Coláiste Magh Éne iPadanna do na múinteoirí, le tacaíocht CPD ar mhaithe le ICT a fhigh níos láidre le Teagasc agus Foghlaim
- Baintear úsáid as U Tube i ngach uile scoil/coláiste mar uirlis úsáideach teagaisc.
- D'fhostaigh Coláistí na Carriage, na Maoile Rua, Cranncha agus Magh Éne Teicneoir ICT chun tacaíocht ICT a thabhairt don scoil iomlán
- Bhain mic leinn na chéad bhliana i gColáiste Phobail Cholmcille úsáid as iPadanna faoi choinne a gcuid leabhar agus taighde. Bhí mic léinn na hIdirbhliana páirteach i dtionscadal blagála le cúig scoil Ghaeltachta eile. Cuireadh tús le Cloud do na múinteoirí.
- Thosaigh mic léinn na hIdirbhliana i gColáiste Magh Éne ag úsáid ríomhphunainn, a bheas a thabhairt do lucht na chéad bhliana a bheas ag teacht isteach.
- Tugadh isteach iPadanna sna seomraí ranga d'Oideachas Aosach (BTEI) agus rinneadh treallamh IT a uasghrádú i gcuid de na hionaid.
- Tugadh isteach áirithintí ar-líne agus córas bainistíochta sonraí píolótach i gComhpháirtíocht Dhún na nGall d'Oideachas Ceoil.

## TOSAÍOCHT 19

### Straitéis fhorásach do chaidreamh poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do CGO Dhún na nGall

- Ceann de na spriocanna i bPhlean Oideachais chúig bliana CGO Dhún na nGall ab ea straitéis shoiléir do chaidreamh poiblí a fhorbairt in 2012 trí Ghrúpa Oibre ar Phróifíl agus Brandáil.
- In 2011, lean Scoileanna, Coláistí agus Seirbhísí ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt a gcaidreamh poiblí aonair sna slite seo a leanas:-
    - Altanna Rialta sna meáin áitiúla
    - Aonach Bliantúil d'Oideachas Aosach.
    - Suíomhanna gréasáin na Scoileanna, na gColáistí agus na nIonad via suíomh gréasáin baile CGO Dhún na nGall
    - Irisí ó Scoileanna agus Coláistí aonair agus Nuachtlitreacha Ógtheagmhála le daoine áitiúla a chur ar an eolas fá imeachtaí agus gníomhaíochtaí
    - Oícheanta oscailte do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí Ionchasacha
    - Cuirtear Drámaí agus Coirmeacha Ceoil ar siúl sna Scoileanna agus Coláistí dara leibhéal go léir

## TOSAÍOCHT 20

**Tógáil ar an chaidreamh le páirtithe ábhartha, ina measc an pobal, páirtithe deonacha, páirtithe reachtúla, eagraíochtaí trasteorann agus eagraíochtaí gnó ar mhaithe le spriocanna comhroinnte a bhaint amach.**

- Rinne Ionaid Oideachais Aosaigh forbairt ar nascanna staire trasteorann, ag ceangal CGO Dhún na nGall agus an NWRC, Doire
- D'fhorbair Compháirtíocht an Oideachais Ceoil nasanna le hAmharclann an Ghrianáin, le Clár na hEalaíne Poiblí atá ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, Raidió Sóisearach RTE agus Féile Idirnáisiúnta Babora na bPáistí tríd an togra Happy Prince.
- Rinne Coláiste Magh Ene breis forbartha ar a nascanna lena pháirtí sa tSín, scoil in Guiyang. Chuaigh fiche dó mac léinn go dtí an tSín, an dara turas do chuid acu, agus tá pleananna ar siúl le go dtabharfaidh mic léinn ón Scoil Bhéarla sa tSín cuairt ar Magh Ene.
- Bhí Coláiste Magh Éne ag comhoibriú le Streetwise Performance Arts, Béal Feirste, i dtraenáil grúpa eile mac léinn TY chun siúl ar chosa croise, scil a chur ar a gcumas a bheith páirteach i gcarnabhail agus i bparáidí áitiúla le Coiste Lá Fhéile Pádraig agus Comhairle Chontae  Dhún na nGall.
- Leanann na scoileanna agus na hionaid ar aghaidh ag obair le FSS, NEPS, SESS, NCSE etc.
- Bíonn Coláiste Ailigh ag comhoibriú le Club Rugbaí Leitir Ceanainn, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus le Coláiste Magh Éne – Snámh Scoileanna Uladh.
- Tá comhthionscnamh úr ag BTEI/Oideachas Aosach i gcomhar le LYIT – clár rochtana (A2A)
- Tá VTOS agus BTEI i gcomhpháirtíocht leanúnach le DSP maidir le hatreorúcháin go DALGS
- Comhoibríonn Coláiste Magh Éne le Comhairle Oige Dún na nGall ar mhaithe le ceardlanna ar frithbhulaíocht a thabhairt do mhic léinn agus do thuismitheoirí.
- Leanann Gairmscoil Mhic Diarmada ar aghaidh lena nascanna le Comharchumann Árainn Mhóir, Comharchumann Forbartha agus Fostaíochta agus an RNLI
- Comhoibríonn Coláiste Magh Éne, Coláiste na Maoile Rua, Coláiste na Carraige agus Gairmscoil Mhic Diarmada agus Gairmscoil Chaitríona leis an chlár trasteorann, KEY.

# Ag Obair i gComhpháirtíocht



Oibríonn an tseirbhís i gcónaí le mórán seirbhísí eile agus déantar dlúthchaidreamh oibre a choimeád ar mhaithe le bheith in ann oibriú ar na spriocanna ceannann céanna. Tá siad seo a leanas i measc iad sin:

- Bíonn cruinnithe rialta le comhghleacaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais chun cláracha agus idirghabhálacha a phleanáil agus a athbhreithniú.
- Tá caidreamh maith oibre ag an tseirbhís leis na seirbhísí Síceolaíocht Chliniciúil, leis na seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Óganáigh, leis an tseirbhís JIGSAW do dhaoine óga agus leis an oifig FSS um féinmharú a chosc.
- Chomh maith le sin, tá seirbhís mhaith oibre cruthaithe ag an tseirbhís leis an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna agus Ceirde, seirbhísí Tacaíochta Míchumais agus soláthraithe clár do dhaoine óga le SEN, cosúil leis an Ghréasan Foghlama Náisiúnta.
- Oibríonn an tseirbhís fosta leis an NEWB ar mhaithe le héacsú a dhéanamh, nuair is gá, ar aistriú daoine óga leochaileacha ó scoileanna go socrúcháin oideachais eile agus tacú leis na haistriúcháin sin.
- Struchtúir níos fearr a chur ar fáil i ngach pairt den chontae ar mhaithe le forbairt agus imeascadh a dhéanamh ar Sheirbhísí don Óige agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
- Bhí páirt ghníomhach ag an tseirbhís i bpleanáil chomhoibríoch de na seirbhísí nua Meabhairshláinte Jigsaw do Dhún na nGall agus tá sí i gcónaí rannpháirteach sa Ghrúpa um Rialachas Cliniciúil a thagann le chéile uair sa mhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí cliniciúla do na daoine óga a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- Tá an tseirbhís rannpháirteach i bhforbairt ar phlean nua chun féinmharú a chosc sa chontae.
- Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh

Tá an Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh a theagasc i Réigiún an Iarthuaiscirt le ceithre bliana agus ar champas Ollscoile Luimnigh agus in Cherry Orchard i mBaile Átha Cliath le cúig bliana. Tá bainistiú a dhéanamh ar an chlár ag Bord Comhpháirtíochta ina bhfuil ionadaíocht ag Ollscoil Luimnigh, CGO Dhún na nGall, Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (Dún na nGall) agus An Fóram Acóil Teo.

Déantar an Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh a theagasc thar bhliain acadúil amháin. Tá sé saincheaptha chun fás pearsanta agus gairmiúil, maraon le forbairt scileanna, a sholáthar do chleachtóirí éagsúla atá ag obair ar shaincheisteanna drugaí agus alcóil, ó chosc go cóir leighis agus athshlánúchán. Tagann Céimithe an Dioplóma ó réimse earnálacha, macasamhail síciatracht, míochaine, obair shóisialta, oideachas, pobal agus deonach, sláinte agus ceartas.

Bhí ócáid bhronnta na dioplómaí ar siúl i mí Lúnasa in Ollscoil Luimnigh, áit a bhfuair na mic léinn go léir a rinne staidéar ar an chúrsa a gcáilíochtaí ollscoile amach.



1. **Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais**

- Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le mórán seirbhísí eile agus tá sí i bhfabhar tógáil ar an chaidreamh láidir oibre chun obair ar spriocanna coitianta a éascú. Eagraítear cruinnithe rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi choinne pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an obair i Scoileanna agus Coláistí an CGO i gcomhar le lucht bainistíochta an CGO. Ghlac NEPS páirt fosta sa Líonra RSO (Riachtanais Speisialta Oideachais) do scoileanna an CGO.

- Tá caidreamh maith oibre cruthaithe ag an tseirbhís chomh maith le seirbhís CAMHS an FSS, go háirithe i ndáil le daoine óga leochaileacha in ionaid Ógtheagmhála.

- Lena chois sin, oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) ar mhaithe le héascú a dhéanamh, nuair is gá, ar aistriú dhaoine óga leochaileacha ó scoileanna go hIonaid Ógtheagmhála agus tacaíocht a thabhairt do na haistriúcháin sin.

# TOSAÍOCHT 21

## Struchtúir níos fearr a chur ar fáil chun tacú le forbairt agus imeascadh na Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae.

**Oifigeach Óige - 2012**

**Na Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta d'Obair don Ógra (NQSF)**

Gníomhaíonn An Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQSF) mar uirlis tacaíochta agus forbartha d'earnáil na hOibre don Ógra. Cuirtear ar fáil creatlach struchtúrtha trínar féidir measúnú, léiriú agus feabhsú a dhéanamh ar Obair don Ógra i gCo. Dún na nGall.

Tá sé de dhualgas ar an NQSF athbhreithniú agus measúnacht a dhéanamh ar obair don óige agus cuidiú le forbairt leanúnach. Is dóigh é inar féidir le hearnáil an óige "léiriú níos fearr a thabhairt ar a éifeacht agus cleachtas a bhisiú". Ar mhaith le hobair den scoth don óige a bhunú, tá sé tábhachtach oibriú ó chur chuige bunaithe ar fhianaise ag úsáid cláracha eolasacha le freastal ar riachtanais na ndaoine óga. Tá Bliain 2 den phróiseas críochnaithe ag dhá Ógeagraíocht: an Togra Forbartha don Óige darb ainm DECK; Obair d'Ógra Éireann: Seirbhís Óige Dhún na nGall. Tá Bliain 1 curtha i gcrích ag Involve, an Eagraíocht Ógra do Lucht Siúil Óga atá lonnaithe i dTogra Lucht Siúil Dhún na nGall. Cuireadh Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn i gcrích agus faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).

**An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas ag obair le hÓgeagraíochtaí i nDún na nGall trí Chomhairle Chontae Dhún na nGall/Bord Forbartha an Chontae/Comhpháirtíocht na Síochána. Eagraíodh Cláracha Idirchultúrtha, Ilchineálacht, Saoránacht agus Comhionannas d'Ógeagraíochtaí i gCo. Dhún na nGall. Tá an tOifigeach Óige ina bhall den Ghrúpa Oibre um Chleachtais Áthshlánaíocha do Scoileanna, Ionaid Ógtheagmhála agus Eagraíochtaí don Óige. Faigheann na tionscadail seo tacaíocht ó Chlár III, áta a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do Chomhlacht Speisialta Cláir an AE.

**Coiste Sheirbhísí Páistí Dhún na nGall**

Tá Coiste na Seirbhísí Páistí freagrach as feabhsú a dhéanamh ar shaol páistí agus a dtuismitheoirí ag leibhéal áitiúil agus pobail, a bhuí do phleanáil, obair agus seachadadh seirbhíse atá go hiomlán comhtháite. Tá an tOifigeach Óige ina bhall de Ghrúpa Pleanála Dhún na nGall do Shláinte Intinne an Óige, Foghrúpa an Togra Jigsaw Dhún na nGall do Rannpháirtíocht an Óige, Ionad um Shláinte Intinne an Óige agus fosta ina bhall d'fhoghrúpaí Slán Sábháilte agus Oideachas agus Foghlaim.

**Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla (LYCGS)**

Tugadh ?42,480 i ndeontais bheaga do 72 Club/Grúpaí Óige i ngach cearn den Chontae, faoi Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla, ar mhaithe le himeachtaí caithimh aimsire agus gníomhaíochtaí oideachasúla; costais reáchtála, riarachán, traenáil do cheannairí, ceannach trealaimh agus cláracha neamhfhormeálta oideachasúla agus oiliúna. Tá Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla mar aitheantas ar an réimse éagsúil de chlubanna/grúpaí óige deonacha atá ag gníomhú sa chontae. Bronntar an deontas do dhá chatagóir: Deontas Club um Obair don Óige agus Deontas Club um Ghníomhaíocht don Óige. I measc na mbuntaistí praiticiúla atá le YCGS do chlubanna/grúpaí, tá soláthar d'oibrithe deonacha thar a bheith tábhachtach; réimse leathan gníomhaíóchtaí téama a fhreastalaíonn ar na riachtanais agus na mianta éagsúla atá ag daoine óga, infreastruchtúr leitheadach atá an-éifeachtach ó thaobh costais – de bharr an obair dheonach.

**Tionscadail Speisialta don Aos Óg**
Tuarascálacha Bliantúla agus Iarratais ar Athnuachan Maoiniúcháin chuig An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, ina measc:

- An Clár Daybreak
- Ionad Eolais an Óige, Leitir Ceanainn
- Donegal Town Youth Information Centre and Youth Project
- Ionad Eolais an Óige agus Tionscadal don Óige, Baile Dhún na nGall
- Scéim Forbartha Réigiúnach Foróige don Aos Óg

**Comhairle na nÓg Dhún na nGall**

Tá an tOifigeach Óige ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg. Le cois sin, tá sé ina bhall den fhoghrúpa a rinne maoirsiú rathúil ar an trasdul de phróiseas nua toghcháin. Bhí an próiseas seo ina pháirt de phróiseas a mhair 9 mí agus a raibh sé mar that aidhm aige níos mó deiseanna a chruthú do dhaoine óga i nDun na nGall sa dóigh go mbeadh a ngúth agus a mbarúlacha cloiste ag Comhairle na nÓg Dhún na nGall agus le hiad a bheith páirteach sna cinntí a mbeidh tionchar acu orthu ar fud an Chontae.

**Togra um Oideachas & Cosc ar Dhrugaí/Alcól**

Seirbhís Drugaí & Alcóil don Aos Óg
Cuireadh maoiniú ar fáil ar mhaithe le cur chuige pobail uile a fhorbairt agus a thacú i ndáil le hoideachas ar dhrugaí agus chun a chinntiú (i) go mbeadh daoine óga rannpháirteach i ndearadh agus i seachadadh na gclár oideachais ar dhrugaí, agus (ii) go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach sa chlár. Tá an clár seo maoinithe i gcomhar le Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí agus a chur i bhfeidhm ag an eagraíocht don aos óg ar a dtugtar Foróige.

# 7 Buaicphointí

## 1 Abbey Vocational School



Foireann an Cheoldhráma 2012 ó Ghairmscoil na Mainistreach

Foireann Peile Faoi 14 ó Ghairmscoil na Mainistreach a bhuaigh Comórtas Peile an Contae



## 2 Coláiste Ailigh




Ag tiontú an chéad fhód don scoil nua Coláiste Ailigh

Tacaíocht do Trocaire ó mic léinn Choláiste Ailigh



## 3 Coláiste na Carraige



Seaimpíní Sinsearach an Contae 2012 – Coláiste na Carraige

Gradaim Eolaíocht Oilimpiad do Choláiste na Carraige



## 4 Coláiste Cineál Eoghain




Coláiste Chineál Eoghain agus Seó na Nollag 2012

Coláiste Chineál Eoghain ag glacadh páirt sa Chomórtas Náisiúnta F1



## 5 Coláiste Pobail Cholmcille



Cailíní ó Choláiste Pobail Cholmcille - Christina agus Niamh ag Feis Thoraí

Tomás Vance Flanagan ó Choláiste Pobail Cholmcille a bhuaigh an Comórtas Filíochta



# 7 Buaicphointí

## 6 Crana College




Cór ó Coláiste Cranncha ag ceol do Simon

Gradam Eolaíocht do Choláiste Cranncha



## 7 Deele College



An bhua sa Scoil Dhramaíocht ag Coláiste na Daoile

Mic Léinn ó Choláiste na Daoile san Eolaí Óg




## 8 Errigal College



Gradam Fiontraíocht do Niall Foody ó Choláiste an Earagail

Turas go dtí an tSín 2012 le daltaí ó Choláiste an Earagail



## 9 Finn Valley College



Na grúpaí Boland agus Binchy ó Choláiste Ghleann na Finne

Turas scoile le daltaí ó Choláiste Ghleann na Finne go Salou



## 10 Gairmscoil Chú Uladh




Gairmscoil Chú Uladh ag glacadh páirt sa Chomórtas Tallann Náisiúnta do Scoileanna

Cuairt ó Sam Mac Uidhir go Gairmscoil Chú Uladh



## 11 Gairmscoil Mhic Diarmada



Daltaí ó Ghairmscoil Mhic Diarmada mar Buaiteoirí ar an Comórtas Clár Raidió

Oscailt Oifigiúil ar na seomraí ranga nua do Ghairmscoil Mhic Diarmada



## 12 Magh Éne College




Cailíní ó Choláiste Magh Éne ag glacadh páirt sa Chomórtas Junk Kouture

Grúpa Mic Léinn ag an Eolaí Óg ó Choláiste Magh Éne



## 13 Moville Community College



Iontráil ó Choláiste Pobail Bun an Phobail sa Chomórtas Junk Kouture

An Dornálaí is fearr ó Choláiste Pobail Bun an Phobail



## 14 Mulroy College




Laura Nic Phaidín ó Choláiste na Maoile Ruaidhe ag glacadh páirt sa Chomórtas Bhácála

Clár Meantóireacht leis an Comhlacht Pramerica agus daltaí ó Choláiste na Maoile Ruaidhe



## 15 St. Catherine's Vocational School



Mic Léinn ó Ghairmscoil Naomh Caitríona san Eolaí Óga 2012

Cuairt ó Seamie Coleman – iarscolaire Gairmscoil Naomh Caitríona



# 7 Buaicphointí

## 16 Adult Education




Lárionad Oideachais Ghleann na Finne

Obair dheonach agus Mná sa Saol Poiblí - Ceardlann Ionad Acmhainní An Mhíobhaigh



## 17 Adult Learner Guidance




Jim McGuinness – Aoichainteoir ag Aonach don Fhoghlaimeoir Aosaigh

Mic Léinn ag tabhairt lámh cuidiú ag an Aonach don Fhoghlaimeoir Aosaigh



## 18 Back to Education (BTEI)



Club na Leon ón Ard Scoil

Grúpa Cúraim Pobail Mhachaire Rabhartaigh ag oiliúint ar láimhsiú sábháilte.



## 19 Community Education



Ag an Seimineár an Clár Oideachais Pobail - Crona Gallagher (Oifigeach Oideachais Aosaigh, CGDnG), Arno Bulolas, Baroness May Blood, MBE, Méabh Mhic Gairbheith (Éascaitheoir Oideachais Pobail) agus Gerard Holmes

Grúpa ó Dobhar, Gaoth Dobhair ag freastal ar an Seimineár.



## 20 Diploma in Drugs & Alcohol Awareness



Bronnadh ag Ollscoil Luimnigh 2012

Clúdach an Pacáiste Eolais don Chúrsa 2012



## 21 Gartan Outdoor Education Centre




Turas Aos Óga na hEorpa i nGartáin – 160 rothaithe faoi 16 ag glacadh páirt

## 22 Information Technology



Tacaíocht ón Ionad Teicneolaíocht do Sealaíocht don Bheatha

## 24 Music Education




Póstaer don Cheolchoirm – The Happy Prince

Bronnadh faighte 2012





Ceolchoirm do lucht an AE

Ceolchoirm do lucht an AE




## 25 Partnership



Grúpa Oibre Dhún na nGall ag an Seó Bóthair um Shábháilteacht ar Bhóithre 2012

## 26 Vocational Training Opportunities Scheme (VTOS)



Rang SDOG i mBaile na nGallóglach ag dul ar siúlóid

## 27 Youthreach



Stair bainte amach ag Cumasóige – Sarah Jane agus Claire mar bhaill don Chomhairle Óige

Teacht le Chéile ag Cumasóige Bun Cranncha



# 8 Aguisíní





## 8.1 Aguisín 1

### 8.1.1. Baill de Choiste Iniúchóireachta Choiste Gairmoideachais Cho Dhún na nGall

**Cathaoirleach** – An Clr Jimmy Kavanagh
Peter Cutliffe / Mary Ellen Orphen
An Clr Martin Farren
An Clr Dessie Larkin
Francis McDaid,
An Clr Philip McGlynn
An Clr Elizabeth McIntyre

### 8.1.2. Baill de Fhóchoste Airgeadais Choiste Gairmoideachais Cho Dhún na nGall

Cathaoirleach, An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr David Alcorn
An Clr Michelle Bradley
An Clr Joe Doherty/An Clr Michael Grant
An Clr Ian McGarvey
Bernie Mulhern
Alan Thompson
Shaun Purcell, Príomhfheidhmeannach

### 8.1.3. Bord Oideachas Aosaigh

| | |
|---|---|
| Chris Darby | Cumann Príomhoidí na Meánscoileanna |
| Aideen Doherty | Bord Forbartha Contae (An tAonad Pobail agus Fiontar) |
| Anthony Doogan | Cumann Príomhoidí na nGairmscoileanna/Coláistí |
| Sinead Gillespie | Ionadaí do Choiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |
| Marrietta Herraghty | Ionadaí do Choiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |
| Art Mc Grath | Teagasc |
| Patsy Mc Vicar | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS) |
| Kate Morgan | FRC Bhaile an Mhóta |
| Martina Needham | Coiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |
| Alan Ó Baoid | Údarás na Gaeltachta |
| Mary O'Malley | FÁS |
| Anita O'Rourke | SIPTU |
| John O'Connell | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Charles Sweeney | Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| Anne Marie Ward | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an Iarthar) |
| | |
| Shaun Purcell | Coiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |
| Cróna Gallagher | Coiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |
| Martin Gormley | Coiste Gairmoideachais Cho. Dhún na nGall |

## 9.2 Aguisín 2 - Scoileanna/Coláistí/Ionaid

### Scoileanna & Coláistí

Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
Coláiste Ailigh, Leitir Ceannain (Gaelscoil)
Coláiste Chineál Eoghain (Gaelscoil)
Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimhe seo)
Coláiste Pobail Cholmcille, Oileán Thóraí (Gaelscoil & Scoil Oileáin)
Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn
Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (Gaelscoil)
Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór (Scoil Oileáin)
Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin
Coláiste Pobail Bhun an Phobail
Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach
Gairmscoil Naomh Caitríona, Na Cealla Beaga

### Ionaid Oiliúna & Oideachais d'Aosaigh/ Youthreach

Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh/Youthreach – Béal Atha Seanaidh
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh/Youthreach – Bun Cranncha
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh)
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh – Baile Dhún na nGall (Ard Scoil na gCeithre Máistir)
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh/Youthreach - Gort a'Choirce
Lárionad Oideachais - Ionad Oiliúna do Thaistealaithe Fásta /Youthreach – Leitir Ceanainn
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh – Leitir Ceanainn
Ionad Youthreach – Glengad
Ionad Youthreach - Leifear
Ionad Oiliúna agus Oideachais d'Aosaigh –Baile na nGallóglach

## 9.3 Aguisín 3 – Giorrúcháin & Eochairthagairtí

| | |
|---|---|
| Tuismitheoir | ag tagairt do Thuismitheoir nó Caomhnóir |
| Mac Léinn | ag tagairt do Mhac Léinn/Oiliúní/Foghlaimeoir |

| | |
|---|---|
| CEO | Príomhfheidhmeannach |
| CDB | Bord Forbartha Contae |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| BTEI | An Tionsnamh um Filleadh ar Oideachas |
| DES | An Roinn Oideachais & Eolaíochta |
| DEIS | Ag Seachadadh Comhionannas Deise i Scoileanna |
| EO | Oifigeach Oideachais |
| FETAC | Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais & Oiliúna |
| GCCC | Coiste Conarthaí Foirgníochta an Rialtais |
| HACAP | Hawkeye Area Community Action Program, Inc. |
| HSE | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte |
| IVEA | An Cumann Gairm-Oideachais in Éirinn |
| JCSP | Teastas Sóisearach – Clár Scoile |
| LCA | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| LCVP | Gairmchlár na hArdteistiméireachta |
| LET | Clár Leárgas |
| LDS | Forbairt Ceannaireachta do Scoileanna |
| LGBT | Lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach |
| LMESP | Comhpháirtíocht Áitiúil do Sheirbhís Oideachas Ceoil |
| LYIT | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais |
| NUI | Ollscoil Náisiúnta na hÉireann |
| PLC | Iar-Ardteistiméireacht |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SDPI | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SLSS | An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal |
| SNA | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SPHE | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| STTC | Ionad Oiliúna do Thaistealaithe Fásta |
| TLT | Oiliúnaí Tríú Leibhéal – An Scéim Deontais Cothabhála Tríú Leibhéal |
| TUI | Aontas Múinteoirí Éireann |
| VEC | Coiste Gairmoideachas |
| VTOS | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSE | Measúnacht ar an Scoil Uile |

etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

*Donegal Education and Training Board*


**Administrative Offices**

Ard O'Donnell
Letterkenny
Co. Donegal

T 074 916 1600
F 074 912 2439
info@donegaletb.ie
www.donegaletb.ie



Rinneadh an Tuarascáil Bhliaintúil 2012 a chur le chéile ag:
Anne McHugh, Jacqui Dillon, An Dr Sandra Buchanan agus Eileen Dennison